AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2012
COM(2012) 352 final

2012/0169 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le doiciméid faisnéise bunriachtanaí i gcomhair táirgí infheistíochta

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SWD(2012) 187 final}
{SWD(2012) 188 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Baineann an togra seo le feabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh infheistíochta le haghaidh infheisteoirí miondíola.

Tá táirgí infheistíochta miondíola – lena n-áirítear cistí infheistíochta, táirgí struchtúrtha miondíola agus cineálacha áirithe conarthaí árachais a úsáidtear chun críocha infheistíochta – bunriachtanach chun freastal ar an ngá atá ag saoránaigh an AE le táirgí a chuideoidh leo coigilteas agus infheistíochtaí a thiomsú, agus san am céanna cuireann siad le héifeachtúlacht na margaí caipitil a chuidíonn chun fás eacnamaíoch an AE a chistiú.

Ó thaobh faisnéise faoi tháirgí infheistíochta de, tá éagothroime ann idir infheisteoirí miondíola agus na daoine a cheapann na táirgí sin agus a dhíolann le hinfheisteoirí iad. Dá bhrí sin, níl sé ar chumas na n-infheisteoirí miondíola a leas féin a chosaint. Is minic a chuirtear faisnéis atá mearbhlach agus róchasta os comhair na n-infheisteoirí sin i dtaobh na n-infheistíochtaí a d'fhéadfaidís a dhéanamh, agus is deacair na rioscaí agus na costais a bhaineann leis na táirgí a mheasúnú agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Baineann sé sin an bonn d'éifeachtúlacht na margaí infheistíochta, agus bíonn na praghsanna a íocann infheisteoirí níos mó dá dheasca. Ceannaíonn infheisteoirí miondíola táirgí míchuí de dheasca an chleachtais sin chomh mhaith, agus déantar aimhleas na n-infheisteoirí sin de dheasca costas nó caillteanas nach raibh aon choinne acu leo, de dheasca deiseanna a chailleann siad nó, sa chás is measa, nuair a chailleann siad a gcoigilteas saoil, rud a dhéanann dochar mór do leas an duine aonair agus an teaghlaigh.

Tá éagsúlacht ann i dtaobh na faisnéise a nochtar faoi láthair, ach braitheann sí ar fhoirm dhlíthiúil an táirge, seachas ar a chineál eacnamaíoch nó ar na rioscaí d'infheisteoirí miondíola a bhaineann leis. Bíonn éagsúlacht ag baint le hinchomparáideacht, sothuigtheacht agus cur i láthair faisnéise, agus dá bhrí sin is deacair don ghnáthinfheisteoir na comparáidí is gá a dhéanamh idir táirgí. Go deimhin, is minic a bhíonn nochtadh faisnéise faoi tháirgí dírithe níos mó ar rioscaí dlíthiúla a chumhdach le haghaidh an mhonaróra seachas ar fhaisnéis atá éifeachtach, oscailte agus cothrom a sholáthar don chustaiméir ionchasach i dtaobh táirge i bhfoirm ina bhféadfadh an custaiméir í a thuiscint agus a úsáid. Bíonn an fhaisnéis – murab ionann leis an margaíocht – rófhada de ghnáth agus ní leor mar a aibhsítear inti na príomhphointí eolais.

Is léir i bhfianaise na géarchéime airgeadais a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Tá airgead caillte ag infheisteoirí miondíola le hinfheistíochtaí lenar ghabh rioscaí nach raibh trédhearcach agus nár thuig na hinfheisteoirí sin. Ina theannta sin, ba mhinic san am a chuaigh thart a rinneadh táirgí infheistíochta miondíola, lena n-áirítear táirgí struchtúrtha miondíola nó conarthaí árachais chun críocha infheistíochta, a mhargú le hinfheisteoirí miondíola in ionad táirgí simplí amhail cuntais choigiltis, agus is minic a dhéantar é fós, cé nach dtuigeann infheisteoirí miondíola na difríochtaí i gcónaí. Agus táthar á dhéanamh sin i gcomhthéacs chliseadh muiníne na n-infheisteoirí: thaispeáin suirbhé a rinneadh le déanaí ar thomhaltóirí ar fud an AE gur lú an mhuinín a bhí acu as earnáil na seirbhísí airgeadais ná a muinín as aon earnáil tionscail eile.

Tá sé ríthábhachtach an mhuinín sin a chur ar ais ar bhonn fónta. Dlúthchuid de sin is ea feabhas a chur ar fhorálacha maidir le trédhearcacht sa dóigh go n-oibreoidh siad ar son infheisteoirí miondíola, trína gcuid riachtanas a chur san áireamh.

Tá céimeanna nuálaíocha tugtha cheana féin ag an AE trí dhoiciméad faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir a fhorbairt i gcás GCIUnna. Forbraíodh é sin ar bhealach nua, ar bhonn tástála stóinsithe a rinneadh leis na hinfheisteoirí miondíola féin ar chineálacha éagsúla cur chuige chun faisnéis a nochtadh, d'fhonn an fhaisnéis a sholáthraítear a ghiorrú, a chuíchóiriú agus a fhócasú a oiread is féidir agus d'fhonn a áirithiú gur féidir leis an ngnáthinfheisteoir miondíola an fhaisnéis a thuiscint.

Cé gur feabhsaíodh nochtadh na faisnéise i gcás GCIUnna, ní amhlaidh an scéal i gcás fhormhór na dtáirgí infheistíochta miondíola. Is é an cúram atá romhainn amach anois aghaidh a thabhairt ar na táirgí sin: Ba cheart go bhfaigheadh infheisteoirí miondíola san Eoraip faisnéis atá gearr, inchomparáide agus caighdeánach cibé táirge infheistíochta atá siad a bhreithniú. Sa mheabhrán míniúcháin seo, tugtar 'doiciméid faisnéise bunriachtanaí' ar na doiciméid ina nochtfar an fhaisnéis sin dóibh.

Spreagadh an togra seo le haghaidh doiciméid faisnéise bunriachtanaí uile-Eorpaigh nuair a d'iarr Comhairle ECOFIN i mí na Bealtaine 2007 ar an gCoimisiún Eorpach scrúdú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht dhlí an AE maidir le cineálacha éagsúla táirgí infheistíochta.

Cuireadh bailchríoch ar an gcéad chéim den obair nuair a ghlac an Coimisiún Teachtaireacht in Aibreán 2009 maidir le Táirgí Infheistíochta Miondíola Pacáistithe (PRIPanna). Bhain an Coimisiún de thátal sa Teachtaireacht sin nach bhféadfaí timpeallacht rialála a bheadh inbhuanaithe agus sásúil a chur ar bun i gcomhair díolacháin táirgí infheistíochta miondíola ná i gcomhair nochtadh faisnéise fúthu ach amháin tríd an reachtaíocht a athrú ar an leibhéal Eorpach, ós rud é go raibh an easpa rialacha éifeachtacha ar an leibhéal Eorpach mar bhonn leis na neamhréireachtaí sna cleachtais i ngach earnáil. Thug an Teachtaireacht dhá réimse ar aird ina raibh tuilleadh oibre ag teastáil: na rialacha is infheidhme maidir le díolacháin, agus na rialacha maidir le nochtadh faisnéise faoi tháirgí. Eascraíonn an togra seo ón dara sreabhadh oibre sin, maidir le nochtadh faisnéise faoi tháirgí.

Tá an togra i bhfoirm Rialacháin, agus beidh bearta mionsonraithe tarmligthe/cur chun feidhme ag tacú leis. Sa Rialachán seo leagtar síos na prionsabail ghinearálta i dtaobh an chur chuige agus an inneachair. A bhuí leis na gníomhartha tarmligthe/cur chun feidhme atá beartaithe chaighdeánófaí, a oiread ab fhéidir, cur i láthair na faisnéise arna ceangal sa Rialachán seo. D'oiriúnófaí bearta de réir mar ba ghá, áfach, i gcomhair sainghnéithe táirgí infheistíochta miondíola eile agus i gcomhair na bpróifílí riosca éagsúla a bhaineann leo, chun a áirithiú go bhfaigheadh custaiméirí miondíola an fhaisnéis bhunriachtanach a theastaíonn uathu i gcónaí chun cinntí eolasacha a dhéanamh. Sa deireadh thiar, déanfar pacáiste de na bearta mionsonraithe sin agus an Rialachán atá beartaithe. Beidh tionchar acu ar na costais fhoriomlána a bhaineann leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a thabhairt isteach agus ar an ábhar sin déanfar measúnú tionchair críochnaitheach ar na roghanna atá ann i gcomhair na mbeart sin.

Is cuid é an togra seo de phacáiste reachtach níos cuimsithí atá dírithe ar mhuinín tomhaltóirí sna margaí airgeadais a atógáil. Tá dhá chuid eile sa phacáiste. Is éard atá sa chéad chuid ollchóiriú ar Threoir 2002/92/CE maidir le hidirghabháil árachais chun a áirithiú go mbainfidh custaiméirí tairbhe as leibhéal ard cosanta agus táirgí árachais á gceannach acu. Tá an chuid dheireanach dírithe ar fheidhm an taiscí a neartú i gcás GCIUnna – ar bunchloch é i

gcomhair chosaint an infheisteora dá bhforáiltear sa Treoir maidir le GCIUnna. Chun a áirithiú go leanfaidh an bhunchloch sin de bheith éifeachtach, beartaítear leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar Threoir 2009/65/CE.

Cuireann na bearta a mholtar sa Rialachán seo maidir le nochtadh faisnéise faoi tháirgí, go háirithe, le bearta cosanta d'infheisteoirí maidir le comhairle infheistíochta agus seirbhísí díolacháin. Fad is a bhaineann le díolacháin taiscí struchtúrtha, tugadh aghaidh orthu sin sa togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais lena n-aisghairtear Treoir 2004/39/CE[1]. Déileálfar go sonrach san athbhreithniú ar an Treoir maidir le hidirghabháil árachais le feabhsú na rialacha díolacháin i gcomhair táirgí árachais infheistíochta.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Toradh é an tionscamh ar chomhphlé cuimsitheach agus ar chomhairliúchán cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara ar fad.

Rinneadh an comhairliúchán sin in dhá chéim: bhí an chéad chéim ann tar éis na hiarrata ón gComhairle agus roimh fhoilsiú na Teachtaireachta ón gCoimisiún in 2009. Ar áireamh ann bhí éileamh scríofa ar fhianaise i nDeireadh Fómhair 2007, Ráiteas Aiseolais i Márta 2008, ceardlann theicniúil a reáchtáladh le hionadaithe ón tionscal i mBealtaine 2008, agus Éisteacht Oscailte ardleibhéil in Iúil 2008. Bhí an dara céim den chomhairliúchán níos dírithe ar eilimintí nithiúla den sreabhadh oibre a bhaineann le faisnéis a nochtadh, agus tháinig an chéim sin tar éis na Teachtaireachta ón gCoimisiún: reáchtáladh ceardlann theicniúil eile i nDeireadh Fómhair 2009, agus foilsíodh tuairisc chun dáta maidir leis an obair i Nollaig 2009.

San am céanna leis an saothar sin, d'oibrigh na trí choiste de mhaoirseoirí náisiúnta atá ar leibhéal 3 (Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha, Coiste na Maoirseoirí Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpacha agus Coiste na Rialtóirí um Urrúis Eorpacha) as láimh a chéile chun a dtuairimí i dtaobh an ábhair a fhorbairt. Ba é an chéad toradh ar a gcuid oibre trí thuarascáil earnála a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 18 Samhain 2009. Toisc gur aithníodh go raibh sreabhadh oibre de chineál trasearnála i gceist, bunaíodh Tascfhórsa comhpháirteach ar leibhéal 3 maidir le PRIPanna in 2009 agus chuir an Tascfhórsa sin a Thuarascáil Deiridh faoi bhráid an Choimisiúin bliain ina dhiaidh sin.

Sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí maidir le roghanna nithiúla i Samhain 2010. Fuair sé thart ar 140 aighneacht agus foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin iad. Sna freagraí ar an gcomhairliúchán sin léiríodh go bhfuil tacaíocht ann i measc lucht tionscail, tomhaltóirí agus na mBallstát don tionscnamh agus don chur chuige ginearálta atá beartaithe. Thar aon ní eile, bhain na héagsúlachtaí idir na tuairimí le mionchoigeartú raon feidhme an chórais, agus leis an méid a d'fhéadfaí an cur chuige a úsáidtear i ndáil le faisnéis bhunriachtanach don infheisteoir i gcás GCIUnna, a chóipeáil i gcás infheistíochtaí miondíola eile.

Comhlánaíodh na comhairliúcháin sin le sraith pléití le hionadaithe tomhaltóirí (FIN-USE, Grúpa Tomhaltóirí na Seirbhísí Airgeadais, Grúpa Úsáideoirí na Seirbhísí Airgeadais), le rialtóirí (an Coiste um Sheirbhísí Airgeadais, an Coiste Eorpach um Urrúis, Coiste na Maoirseoirí Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpacha), agus le hionadaithe tionscail.

[1] COM (2011) 656 final.

Is forbairt an togra seo ar an obair a rinne na trí choiste atá ar leibhéal 3 (Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha, Coiste na Maoirseoirí Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpacha agus Coiste na Rialtóirí um Urrúis Eorpacha[2]); ar thuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin, lena n-áirítear na ceardlanna agus na cruinnithe le geallsealbhóirí, agus ar an taithí a fuarthas leis an gcóras faisnéise bunriachtanaí d'infheisteoirí a forbraíodh i gcás GCIUnna.

I gcomhréir lena bheartas 'Rialáil Níos Fearr', d'ullmhaigh an Coimisiún measúnú tionchair ar na roghanna beartais. Bhain na roghanna beartais le raon feidhme an chórais nua, leis an méid caighdeánaithe a bheadh ann, le cé a bheadh freagrach as an bhfaisnéis a nochtadh, agus le conas a áirithiú go gcuirfí an fhaisnéis ar fáil d'infheisteoirí miondíola ar bhealach éifeachtach. Is ann do roinnt staidéar, ceann nuálaíoch san áireamh inar díríodh ar léargas iompraíochta i dtaobh infheisteoirí miondíola, a thacaigh leis an obair a rinneadh ar an measúnú tionchair sin.

Scrúdaigh an Bord um Measúnú Tionchair an dréacht-mheasúnú tionchair agus athbhreithníodh é i gcomhréir leis an tuairim dhearfach an thug an Bord uaidh an 15 Aibreán 2011. I measc feabhsuithe eile, rinneadh tuilleadh soiléirithe ar an gcaidreamh idir an togra agus bearta eile maidir le cosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear na bearta sin maidir le cleachtais díolacháin, rinneadh soiléiriú ar raon nithiúil na dtáirgí agus na n-eintiteas a mbeadh tionchar ag an togra orthu, soiléiríodh tuilleadh an caidreamh a d'fhéadfadh a bheith ann idir an togra agus réimsí eile de dhlí an Aontais, rinneadh an anailís ar roghanna a fhorbairt agus a shíneadh, agus rinneadh coigeartú níos follasaí ar na meastacháin ar chostais agus sochair chun a raibh déanta cheana i gcás GCIUnna a chur san áireamh. Ina theannta sin, forbraíodh an anailís ar na tosca eile atá ábhartha maidir le cinnteoireacht infheisteoirí chun a léiriú ar bhealach níos follasaí nach bhfuil i nochtadh faisnéise d'infheisteoirí ach toisc amháin, agus gur féidir leis an gcomhairleoir nó an díoltóir ról cinntitheach nó ceannasach a imirt i dtaobh cinntí infheisteoirí in go leor cásanna praiticiúla díolacháin.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

3.1. Bunús dlí

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 den CFAE. Leagtar síos rialacha aonfhoirmeacha ann maidir le nochtadh faisnéise faoi tháirgí d'infheisteoirí miondíola. Tá sé mar aidhm aige a áirithiú go mbeidh infheisteoirí miondíola in ann príomhghnéithe agus príomhrioscaí táirgí infheistíochta miondíola a thuiscint agus comparáid a dhéanamh idir gnéithe táirgí éagsúla. San am céanna, tá sé mar aidhm aige cothrom iomaíochta a áirithiú idir monaróirí táirgí infheistíochta éagsúla agus lucht díolta na dtáirgí sin. Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm aige coinníollacha aonfhoirmeacha a bhunú maidir leis an gcaoi a gcuirtear infheisteoirí san Aontas ar an eolas faoi tháirgí infheistíochta trí mheán doiciméid ghearr agus maidir leis an gcaoi a gcuirtear an fhaisnéis ar fáil dóibh. Dá bhrí sin, leis an togra seo déantar na coinníollacha oibriúcháin i ndáil leis an bhfaisnéis faoi tháirgí infheistíochta a chomhchuibhiú le haghaidh gach páirtí ábhartha sa mhargadh infheistíochta miondíola, monaróirí táirgí infheistíochta, lucht díolta agus infheisteoirí.

---

[2] Is iad Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha, Coiste na Maoirseoirí Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpacha agus Coiste na Rialtóirí um Urrúis Eorpacha na coistí a bhí ann roimh an Údarás Eorpach Baincéireachta, roimh an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme agus roimh an Údarás Eorpach Urrús agus Margaí faoi seach.

Níl cothrom iomaíochta ann idir táirgí agus slite dáileacháin éagsúla toisc go bhfuil rialacha éagsúla i bhfeidhm ag brath ar an tionscal a thairgeann na táirgí infheistíochta agus ar an reachtaíocht náisiúnta agus cuireann sin tuilleadh bacainní ar Mhargadh Aonair do sheirbhísí agus táirgí airgeadais. Tá bearta éagsúla neamhchomhordaithe déanta cheana ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar laigí i mbearta cosanta d'infheisteoirí agus is dealraitheach go leanfaí de sin. Tá méadú ag teacht ar an trádáil trasteorann i dtáirgí infheistíochta miondíola, ach de dheasca cur chuige éagsúil i ngach tír bheadh leibhéil éagsúla cosanta ag infheisteoirí, bheadh costais ní b'airde agus bheadh éiginnteacht ann i measc soláthróirí agus dáileoirí táirgí; agus bac a bheadh sa mhéid sin ar thuilleadh forbartha trasteorann ar an margadh infheistíochta miondíola. Chun tuilleadh forbartha den sórt sin a dhéanamh ba ghá a bheith in ann comparáid a dhéanamh go héasca idir táirgí de chineálacha éagsúla ar fud an Aontais. De dheasca caighdeáin éagsúla a bheith ann i ndáil le nochtadh faisnéise d'infheisteoirí bheadh sé an-deacair comparáid den sórt sin a dhéanamh. D'fhéadfadh caighdeáin éagsúla den sórt sin bac a chur ar bhunsaoirsí agus tionchar díreach a imirt ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh mar gheall air sin. Léiríonn an taithí i réimse GCIUnna go bhféadfaidh éagsúlacht idir na Ballstáit maidir lena gcur chuige i leith faisnéis a nochtadh saobhadh mór a dhéanamh ar iomaíocht. Dá dhroim sin, is é Airteagal 114 den CFAE an bunús dlí is iomchuí.

Meastar gurb iomchuí agus gur gá an togra seo a bheith i bhfoirm rialacháin, ionas gur féidir leis an tionscnamh seo a chuspóir a bhaint amach. Ní bhaineann an beart seo ach le nochtadh faisnéise d'infheisteoirí miondíola. Ní bhaineann sé le cearta ná le hoibleagáidí eile de chuid monaróirí táirgí, daoine a dhíolann táirgí infheistíochta ná infheisteoirí a mbeadh Treoir ní b'oiriúnaí mar ionstraim dhlíthiúil dóibh. Is léir ón taithí atá faighte, má tá faisnéis chaighdeánach le bheith i nochtadh faisnéise faoi tháirge d'fhonn a chur ar chumas infheisteoirí comparáid a dhéanamh idir táirgí infheistíochta éagsúla, nach féidir é sin a bhaint amach ach amháin trí fhorálacha atá infheidhme go díreach gan gá do na Ballstáit aon bhearta breise cur chun feidhme a dhéanamh. Dá dtiocfadh neamhréir ar ábhar agus ar fhoirm nochtadh na faisnéise ó Bhallstát go Ballstát de thoradh trasuite Treorach, ní bheadh cothrom iomaíochta ann i gcomhair rannpháirtithe sa mhargadh agus ní bheadh an leibhéal céanna cosanta ann d'infheisteoirí. Tá sé den tábhacht go gcuireann an rialachán seo oibleagáidí díreacha ar pháirtithe príobháideacha maidir le hullmhú nó le soláthar an nochta faisnéise agus níor cheart raon feidhme na n-oibleagáidí sin a bheith ag brath ar bhearta náisiúnta cur chun feidhme.

3.2. Coimhdeacht agus comhréireacht

De réir phrionsabal na coimhdeachta atá leagtha síos in Airteagal 5(3) den CAE, níor cheart gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an AE ach amháin sa chás nach bhféadfaidh na Ballstáit na haidhmeanna atá beartaithe a bhaint amach go leormhaith ina n-aonar agus dá bhrí sin, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an AE.

Ní féidir aidhmeanna an togra seo, mar atá cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud an AE i measc monaróirí éagsúla táirgí agus daoine a dhíolann táirgí infheistíochta agus leibhéal aonfhoirmeach cosanta a bhunú d'infheisteoirí trí rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir le trédhearcacht, a bhaint amach trí ghníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát. Féadfaidh tionscnaimh náisiúnta tionchar dearfach a imirt ar chosaint d'infheisteoirí laistigh de na Ballstáit lena mbaineann. Ach bíonn tionscnaimh náisiúnta srianta don chríoch náisiúnta ábhartha ó nádúr. Thairis sin, tá riosca ann nach mbeadh an cur chuige céanna ann i gcónaí maidir le nochtadh faisnéise d'infheisteoirí. Dá dheasca sin ní bheadh cothrom iomaíochta ann

ar fud an Aontais i gcomhair monaróirí táirgí infheistíochta agus daoine a dhíolann táirgí infheistíochta agus ní bheadh leibhéal cothrom cosanta d'infheisteoirí ann ar fud an AE i ndáil le nochtadh faisnéise d'infheisteoirí. Dá bhrí sin, teastaíonn gníomhaíocht ar an leibhéal Eorpach.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta (Airteagal 5(4) den CAE), is gá agus is iomchuí chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach prionsabail a leagan síos a bhaineann le hinneachar agus le foirm nochtadh na faisnéise faoi tháirgí infheistíochta miondíola, chomh maith le rialacha maidir leis an bhfaisnéis sin a tharraingt suas agus a sholáthar d'infheisteoirí miondíola. Ba cheart ceanglais den sórt sin a fhorbairt tuilleadh ar leibhéal 2, ionas go bhféadfar leibhéal riachtanach comhsheasmhachta a bhaint amach maidir le bearta le go n-éascófar comparáidí idir táirgí infheistíochta ar de thionscnamh earnálacha éagsúla tionscail iad.

3.3. Comhlíonadh Airteagal 290 agus Airteagal 291 den CFAE

Ón 1 Eanáir 2011 tá feidhm ag na Rialacháin lena mbunaítear na trí údarás maoirseachta Eorpacha, mar atá an tÚdarás Eorpach Baincéireachta, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme agus an tÚdarás Eorpach Urrús agus Margaí[3]. Ina thaobh sin, is mian leis an gCoimisiún na ráitis a rinne sé i ndáil le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den CFAE a mheabhrú, ar ráitis iad a rinne sé tráth a glacadh na Rialacháin an 23 Meán Fómhair 2009. De réir na ráiteas sin: "Maidir leis an bpróiseas chun caighdeáin rialála a ghlacadh, tugann an Coimisiún le fios go láidir go bhfuil carachtar uathúil ag earnáil na seirbhísí airgeadais, atá ag eascairt as struchtúr Lamfalussy agus a dtugtar aitheantas dó go sainráite i nDearbhú 39 a ghabhann leis an CFAE. Mar sin féin, tá an-amhras go deo ar an gCoimisiún an bhfuil na srianta atá ar a ról, agus gníomhartha tarmligthe agus bearta cur chun feidhme á nglacadh aige, ag teacht le hAirteagal 290 agus Airteagal 291 den CFAE."

3.4. Míniú mionsonraithe ar an togra

3.4.1. Táirgí infheistíochta ar cheart doiciméad faisnéise bunriachtanaí a bheith ag gabháil leo nuair a dhíoltar iad le hinfheisteoirí miondíola

Féadtar táirgí infheistíochta a mhonarú chun foirmeacha dlíthiúla éagsúla a thógáil, sa chaoi go ndéantar an tairscint infheistíochta chéanna thar earnálacha éagsúla. Mar gheall ar an monarú sin, féadann an dealramh a bheith ar na táirgí go bhfuil siad an-difriúil, fiú nuair a bhíonn na bunchuspóirí eacnamaíocha a bhaineann leo cosúil lena chéile (e.g. féadtar an dealramh a bheith ar chiste, ar thaisce agus ar chonradh árachais aonad-nasctha go bhfuil siad an-difriúil ó chéile, ach d'fhéadfaí iad a úsáid ar an mbealach céanna chun an tairscint infheistíochta chéanna a sholáthar). Is é an aidhm bhunúsach chéanna atá ag na táirgí sin ar fad: carnadh caipitil atá os cionn an ráta atá saor ó riosca. Cé go bhfuil éagsúlacht i measc na dtáirgí sin maidir leis an méid a thairgeann siad – le roinnt acu tairgtear ráthaíocht chaipitil chomh maith le carnadh caipitil, rud nach bhfuil fíor faoi chinn eile; le roinnt eile acu cuirtear gné eile le gné na hinfheistíochta (amhail sochair árachais saoil) - díoltar iad ar fad le hinfheisteoirí miondíola nuair a théann siad i dteagmháil le hidirghabhálaithe airgeadais nó go díreach le monaróirí táirgí le haghaidh táirgí a thugann aghaidh ar a riachtanais carntha caipitil.

---

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010; IO 15.12.2010, L 331, 12.

Le táirgí infheistíochta den sórt sin, bíonn an t-infheisteoir gan chosaint ar luaineachtaí i luach margaidh sócmhainní nó sna díbhinní a shaothrófar ó shócmhainní. Ach níl an easpa cosanta sin de chineál díreach, ar nós nuair a cheannaíonn infheisteoir sócmhainní sonracha iontu féin. Ina áit sin idirghabhann na táirgí sin agus lucht a ndéanta idir an t-infheisteoir agus na margaí, trí bhíthin na sócmhainní sin "a chuachadh", nó trí mheicníochtaí eile nach bhfuil mar an gcéanna le sealúchas díreach ("pacáistiú"). I measc na meicníochtaí sin tá teicníochtaí amhail comhthiomsú caipitil ó roinnt infheisteoirí ionas gur féidir comhinfheistíochtaí a dhéanamh, nó neamhchosaint a dhearadh trí ionstraimí díorthacha a úsáid. Féadann na teicníochtaí sin cur le castacht, costais agus doiléire an táirge. Ach féadann siad cur le scaipeadh riosca agus le sochair eile nach mbeadh ar fáil don infheisteoir ina aonar; cuireann siad ar chumas gnáthinfheisteoirí a bheith rannpháirteach i margaí infheistíochta ar bhealach níos éifeachtúla, rud a fhágann go bhfuil na margaí caipitil níos doimhne agus go bhfuil deiseanna níos fearr ann d'infheisteoirí atá ag iarraidh a n-infheistíochtaí a éagsúlú. Chun gach táirge den sórt sin a chuimsiú, leis an sainmhíniú ar tháirgí infheistíochta atá sa Rialachán seo tagraítear go díreach don fhoirm "pacáistithe" sin. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Aibreán 2009 rinneadh tagairt shonrach do tháirgí infheistíochta miondíola *pacáistithe* (PRIPanna); tar éis comhairliúchán, sa Rialachán seo cuirtear an bhéim sin ar infheistíochtaí pacáistithe chun feidhme trí thagairt a dhéanamh do chineál neamhdhíreach na sealúchas sócmhainní.

Chuimseofaí i sainmhíniú den sórt sin táirgí a bhfuil ráthaíochtaí caipitil acu, agus na táirgí sin a bhfuil ráthaíocht ar chuid den toradh acu freisin, sa bhreis ar ráthaíocht ar an gcaipiteal; cistí infheistíochta, bídís ina GCUInna iata nó neamhiata; gach táirge struchtúrtha, cibé foirm ina bhfuil siad (e.g. pacáistithe mar pholasaithe árachais, cistí, urrúis nó táirgí baincéireachta), táirgí árachais a gcinntear a luachanna géilliúna go hindíreach trí thorthaí ó infheistíochtaí dílse na cuideachta árachais nó fiú amháin trí bhrabúsacht na cuideachta árachais féin chomh maith le hionstraimí díorthacha. Féadfar roinnt de na táirgí sin a úsáid mar tháirgí pinsin míondíola aonair, i.e. mar mheáin carntha caipitil chun críocha pleanála scoir.

De dhroim sainmhínithe den sórt sin, ní chumhdaítear na táirgí seo a leanas leis an Rialachán seo:

- táirgí a bhfuil an ráta cruinn toraidh leagtha síos roimh ré dóibh i gcomhair shaolré iomlán an táirge, ós rud é nach bhfuil an méid is iníoctha faoi réir luaineachtaí i luachanna sócmhainní eile (ní ann d'aon riosca infheistíochta);

- gnáthscaireanna agus gnáthbhannaí, sa mhéid is nach bhfuil meicníocht ag baint leo seachas sealúchas díreach ar na sócmhainní ábhartha;

- taiscí nach bhfuil 'struchtúrtha', i.e. taiscí a chinntear trí ráta úis amhail EURIBOR nó LIBOR;

- táirgí árachais nach soláthraíonn ach sochair árachais, amhail táirgí árachais cosanta simplí nó táirgí árachais neamhshaoil, nach soláthraíonn aon luach géilliúna atá neamhchosanta ar luaineachtaí i bhfeidhmíocht bunsócmhainne amháin nó níos mó nó i bhfeidhmíocht luachanna tagartha;

- scéimeanna pinsin ghairme atá cumhdaithe ag Treoir 2003/41/CE nó ag Treoir 2009/138/CE.

- táirgí pinsin a gcleanglaítear ranníocaíocht airgeadais ón bhfostóir ina leith sa dlí náisiúnta agus nach bhfuil aon rogha ag an bhfostaí maidir le soláthraí an táirge pinsin.

Níorbh ábhartha chun raon feidhme a chinneadh na meicníochtaí lena ndéantar díbhinní a íoc: bheadh na táirgí ar fad óna bhfaightear toradh, nó a sholáthraíonn díbhinn aonair tráth a n-aibíochta, nó a ghlacann socrú éigin eile, bheidís ar fad faoin raon feidhme sa mhéid go dtagann siad faoin sainmhíniú ginearálta.

Ní dhéantar aon tagairt sa sainmhíniú do tháirge a bheith beartaithe d'úsáid mhiondíola, cé go gceaptar go leor táirgí infheistíochta do chustaiméirí miondíola go sainiúil. Is amhlaidh an scéal toisc go bhféadfaidh sé nach gcinntear an eilimint mhiondíola ach ag an bpointe díolacháin, nuair a dhíolann an dáileoir táirge infheistíochta áirithe le custaiméir miondíola, nó nuair a thugann sé comhairle mar gheall air. Níor mhór an nochtadh faisnéise a chur i bhfeidhm áfach, pé uair a dhíolfaí táirge atá laistigh den raon feidhme le hinfheisteoir miondíola.

3.4.2. An fhreagracht as an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a ullmhú – Airteagal 5

Tá sé sainráite sa togra gur ar mhonaróir an táirge infheistíochta, laistigh de bhrí an Rialacháin, atá an fhreagracht an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a ullmhú: ciallaíonn sé sin duine a tháirgeann táirge infheistíochta ach ina theannta sin duine a bhfuil athrú substainteach déanta aige ar struchtúr riosca nó costais táirge infheistíochta a bhí ann cheana. (Bheadh eintiteas a chumascfadh táirgí éagsúla ina mhonaróir táirge). Leis an sainmhíniú sin cumhdaítear an cás nach mbeadh smacht ar an táirge deiridh ag bunmhonaróir táirge airgeadais ar leith. Ní bhogtar an fhreagracht ar an dóigh sin de dhroim gach athrú a dhéantar ar an mbuntáirge. Meastar mar athmhonarú an táirge iad, mar atá soiléirithe in Airteagal 4, athruithe a dhéanann difear suntasach do phríomhghnéithe an táirge infheistíochta amhail a phróifíl riosca agus luaíochta nó a chostais, áfach. De dhroim cuid den nochtadh faisnéise nó an nochtadh faisnéise ina iomláine a tharmligean chuig tríú páirtithe, mar a tharlódh mar shampla i gcás comhoibrithe le dáileoirí, ní dhéanfar aon difear d'fhreagracht fhoriomlán mhonaróir an táirge maidir leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí.

3.4.3. Foirm agus ábhar an doiciméid faisnéise bunriachtanaí – Airteagal 6 go hAirteagal 11

Leis an togra seo déantar prionsabail chóras an doiciméid faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir i gcás GCUInna a thabhairt isteach i gcás gach táirge infheistíochta miondíola eile – ba cheart an chuma chaighdeánaithe chéanna a bheith ar gach doiciméad faisnéise bunriachtanaí agus ba cheart a n-inneachar a bheith dírithe ar fhaisnéis bhunriachtanach a chuirtear i láthair ar bhealach coiteann, chun inchomparáideacht faisnéise agus tuiscint infheisteoirí miondíola ar an bhfaisnéis a chur chun cinn.

Ba cheart an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a fheiceáil mar dheis chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ar bhealach simplí le daoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-infheisteoirí. Dá bhrí sin tá treoracha follasacha sa togra maidir le foirm agus friotal an doiciméid: ní mór doiciméad gearr a bheith ann, atá scríofa ar bhealach comair i bhfriotal neamhtheicniúil a sheachnaíonn béarlagair, sa chaoi gur féidir leis an ngnáthinfheisteoir miondíola é a thuiscint; ní mór é a bheith tarraingthe suas i bhformáid choiteann sa chaoi go bhféadfaidh infheisteoirí comparáid a dhéanamh go héasca idir táirgí infheistíochta éagsúla. Ba cheart doiciméad neamhspleách a bheith sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí sa mhéid is nár cheart go mbeadh ar infheisteoirí miondíola doiciméid eile a léamh chun príomhghnéithe an táirge infheistíochta a thuiscint agus cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh, agus ba cheart dealú soiléir a bheith ann idir é agus ábhair mhargaíochta.

Sonraítear sa togra eilimintí bunúsacha an táirge infheistíochta ar cheart tuairisc a thabhairt orthu sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí: ainm an táirge agus a mhonaróra, cineál agus príomhghnéithe an táirge, lena n-áirítear an seans go gcaillfidh na hinfheisteoirí caipiteal, a phróifíl riosca agus luaíochta, a chostais, agus a fheidhmíocht san am atá caite, de réir mar is iomchuí. Féadfar faisnéis eile a chur isteach i gcás táirgí sonracha, agus ba cheart faisnéis faoi thorthaí a d'fhéadfadh an bheith ann sa todhchaí a sholáthar i gcás táirgí pinsin phríobháidigh. Tá formáid choiteann agus seicheamh coiteann ranna leagtha amach sa togra chun inchomparáideacht a chur chun cinn. Tá sé ríthábhachtach nach gcuirfear isteach sa doiciméad ach íosmhéid faisnéise, nó beidh an doiciméad róchasta don infheisteoir miondíola. Chun a fhoirm ghearr a chaomhnú, níor cheart aon fhaisnéis bhreise a chur sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí.

Ba cheart na ceanglais sin a bheith tacaithe le gníomhartha tarmligthe agus le modheolaíochtaí tacaithe chun nochtadh faisnéise achomair maidir le rioscaí agus costais atá sonraithe sna caighdeáin theicniúla a ríomh. A bhuí le cur chuige den sórt sin bheifí in ann uasleibhéal comhsheasmhachta agus inchomparáideachta a bhaint amach maidir le nochtadh faisnéise a bheadh i gcomhréir le héagsúlacht na dtáirgí atá faoi raon feidhme an chórais. Meastar go bhféadfadh tionscnaimh bhreise thacaíochta cur go mór le rath an tionscnaimh seo, mar shampla, d'fhéadfaí gluaiseanna coiteanna téarmaí a fhorbairt nó dea-chleachtais a roinnt i dtaobh friotail shoiléir.

Thairis sin, tá bearta sa togra maidir leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a choinneáil cothrom le dáta agus maidir le tagairtí iomchuí a dhéanamh dó san fhaisnéis mhargaíochta a ghabhann le táirgí.

Soiléirítear sa togra an dliteanas atá ar mhonaróir an táirge infheistíochta maidir leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí agus an dualgas cruthúnais ina leith sin: is ar mhonaróir an táirge atá sé a léiriú gur chomhlíon sé an Rialachán i gcás ina ndéanfaidh infheisteoir miondíola éileamh.

3.4.4. Oibleagáid an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar – Airteagal 12 go hAirteagal 13

Tá sé ina cheangal sa togra nach mór an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a thabhairt don infheisteoir miondíola (seachas gan ach é a thairscint dó nó di). An té a dhíolfaidh an táirge d'infheisteoirí miondíola (cibé acu dáileoir nó monaróir an táirge i gcás díolachán díreach atá ann) ní mór dó an nochtadh faisnéise a dhéanamh don infheisteoir ionchasach in am trátha sula gcuirfear díolachán i gcrích. Tá sé ríthábhachtach go soláthrófar an doiciméad in am trátha; le go mbeidh sé éifeachtach ní mór an doiciméad a sholáthar sula ndéanfar cinneadh infheistíochta. Foráiltear sa Rialachán atá beartaithe, áfach, maidir le roinnt solúbthachta i dtaobh cathain a dhéantar an doiciméad a thabhairt i gcás cineálacha áirithe dáileacháin nach ndéantar 'duine le duine'. Thairis sin, tá ceanglais sa togra maidir leis na meáin a úsáidfear chun an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar d'infheisteoirí miondíola, lena n-áirítear coinníollacha atá ceaptha chun meáin nach páipéar iad a cheadú. Tá na ceanglais sin dírithe ar a áirithiú gurb iomchuí na meáin sin don díolachán agus ar rochtain leanúnach an infheisteora mhiondíola ar an bhfaisnéis sa todhchaí a áirithiú. Chun torthaí comhsheasmhacha a bhaint amach, déanfar mionsonraí maidir le modh, am agus coinníollacha an nochta faisnéise d'infheisteoirí miondíola a shoiléiriú trí ghníomhartha tarmligthe.

3.4.5. Gearáin, sásamh agus comhar – Airteagal 14 go hAirteagal 17

Tá bearta sa togra seo chun a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta um ghearráin atá éifeachtach ag monaróirí táirgí infheistíochta agus ar leibhéal na mBallstát. Thairis sin, tá bearta ann chun rochtain éifeachtach a áirithiú ar nósanna imeachta um réiteach díospóide agus ar shásamh.

Mar gheall ar chineál trasearnála an togra seo, lena n-áirítear baincéireacht, árachas, urrúis agus táirgí ciste, is gá comhar feabhsaithe éifeachtúil idir údaráis inniúla i ngach earnáil.

3.4.6. Smachtbhannaí agus bearta riaracháin - Airteagal 18 go hAirteaga 22

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le smachtbhannaí[4] dearbhaíodh gur faoi na húdaráis náisiúnta atá sé thar aon duine eile a áirithiú go gcuirtear rialacha an AE i bhfeidhm go hiomchuí, mar is orthusan atá an mhortabháil cosc a chur ar institiúidí airgeadais rialacha an AE a shárú, agus smachtbhannaí a chur ar sháruithe a dhéantar ina ndlínse, ach aibhsíodh inti san am céanna an bealach comhordaithe comhtháite ar ar cheart d'údaráis náisiúnta gníomhú.

I gcomhréir leis an Teachtaireacht sin agus ag leanúint de thionscnaimh eile ar leibhéal an AE san earnáil airgeadais, tá forálacha sa togra seo maidir le smachtbhannaí agus bearta a bhfuil sé mar aidhm acu cur chuige comhchuibhithe a thabhairt isteach maidir le smachtbhannaí chun comhsheasmhacht a áirithiú. Tá sé tábhachtach go gcuirfí smachtbhannaí agus bearta riaracháin i bhfeidhm mura gcomhlíontar príomhfhorálacha an togra seo agus go mbeadh na smachtbhannaí agus na bearta sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

3.4.7. Foráil idirthréimhseach maidir le GCUInna agus clásal athbhreithnithe – Airteagal 23 go hAirteagal 25

Ós rud é gur tugadh isteach an doiciméad faisnéise bunriachtanaí i gcomhair infheisteoirí i gcás GCUInna le déanaí, ní bheadh sé comhréireach ceanglais an Rialacháin seo maidir le doiciméad faisnéise bunriachtanaí a chur i bhfeidhm maidir le GCUInna ag an gcéim seo. Ar an gcúis sin, tá foráil idirthréimhseach tugtha isteach ionas go mbeidh GCUInna in ann leanúint de bheith ag úsáid an doiciméid faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir i gcomhréir le Treoir 2009/65/CE ar feadh cúig bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Ag an gcéim sin, bheadh an Coimisiún in ann a mheasúnú cén chaoi ar cheart GCUInna a láimhseáil agus más amhlaidh gur cheart leasú a dhéanamh ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir i gcás GCUInna, cén chaoi ar cheart é sin a dhéanamh d'fhonn a oiread inchomparáideachta agus is féidir a bhaint amach idir GCUInna agus táirgí infheistíochta eile atá faoi réir an doiciméid faisnéise bunriachtanaí faoin Rialachán seo. Seachas coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar inneachar an doiciméid faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir i gcás GCUInna a shainaithint, is féidir roinnt roghanna a shamhlú chun na coigeartuithe sin a sholáthar ar shlí iomchuí. Ceann amháin de na roghanna a bheadh ann socruithe idirthréimhseacha an Rialacháin seo a shíneadh, ionas go leanfadh GCUInna de bheith faoi réir cheanglais Threoir 2009/65/CE amháin - cé go bhféadfaí na ceanglais sin a choigeartú chun inchomparáideacht faisnéise a áirithiú. Rogha eile í Treoir 2009/65/CE a leasú trí na forálacha maidir leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir i gcás GCUInna a aisghairm, agus na rialacha substainteacha maidir le

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le córais smachtbhannaí a dhaingniú san earnáil airgeadais, an 8 Nollaig 2010 (COM(2010) 716 final).

faisnéis a nochtadh i gcás GCUInna a aistriú go dtí an Rialachán seo. Rogha dheireanach eile í na rialacha substainteacha maidir leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir i gcás GCUInna a fhágáil faoin gcreat atá ann do GCUInna, ach a bhunú go bhfuil an doiciméad sin coibhéiseach leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí i gcás PRIPanna atá faoin Rialachán seo. D'fhéadfaí a áireamh i measúnú na roghanna, más gá, sainaithint aon athruithe is gá a dhéanamh ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí faoin Rialachán seo.

Foráiltear sa Rialachán seo go ndéanfar athbhreithniú ar éifeachtacht a chuid beart tar éis ceithre bliana. Mar sin de beidh an t-athbhreithniú sin ann roimh dheireadh na hidirthréimhse thuasluaite ionas go bhféadfar tátail a bhaint cheana féin maidir leis an gcóireáil is iomchuí do GCUInna. Ba cheart a mheas freisin le linn an athbhreithnithe ar cheart raon feidhme an Rialacháin a leathnú tuilleadh chun táirgí infheistíochta nua nó nuálaíocha atáthar á dtairiscint san Aontas a chumhdach.

3.4.8. Caidreamh le dlíthe eile an Aontais maidir le faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí

I ndáil le ceanglais eile i ndlí an Aontais maidir le nochtadh faisnéise, ba cheart a thabhairt faoi deara gur doiciméad nochta nua is ea an doiciméad faisnéise bunriachtanaí atá ceangailte de réir an Rialacháin seo agus go mbeidh sé deartha ar bhealach a bheidh curtha in oiriúint go sainiúil, ó thaobh a inneachair agus a dheartha de, do riachtanais na ngnáthinfheisteoirí miondíola agus scrúdú agus comparáid á ndéanamh acu ar tháirgí infheistíochta éagsúla sula n-infheistíonn siad. Dá bhrí sin, níl dearadh ná cuspóir an doiciméid go hiomlán mar an gcéanna le ceanglais eile maidir le nochtadh faisnéise amhail an achoimre faoin Treoir Réamheolaire nó na ceanglais maidir le nochtadh faisnéise faoi Shócmhainneacht II. Tá sé d'aidhm ag an nochtadh faisnéise sna cásanna sin cuspóirí eile a bhaint amach, sa bhreis ar fhaisnéis bhunriachtanach a thabhairt d'infheisteoirí miondíola, amhail trédhearcacht a áirithiú i dtaobh margaí airgeadais nó léargas iomlán a áirithiú ar na mionsonraí ar fad a bhaineann le conradh atá beartaithe. Ar an ábhar sin, ní fhéadfaí an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a chur in ionad na gceanglas eile sin go héasca, agus úsáidfear é sa bhreis orthu dá bhrí sin. Léireoidh an taithí a gheofar le ceanglais an Rialacháin seo, áfach, ar cheart ceanglais an doiciméid faisnéise bunriachtanaí a fhorbairt tuilleadh, lena gcur in ionad an nochta faisnéise atá ceangailte faoi dhlíthe eile an Aontais mar shampla.

Thairis sin, beidh ceanglais an doiciméid faisnéise bunriachtanaí in úsáid san am céanna le ceanglais na Treorach maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus na Treorach maidir le ríomhthráchtáil. Baineann ceanglais na Treorach maidir le cianmhargú le seirbhísí agus comhlánann ceanglais na Treorach maidir le ríomhthráchtáil ceanglais faisnéise eile faoi dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, ní imreoidh an Rialachán seo aon tionchar ar na Treoracha sin.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl aon impleachtaí ann do bhuiséad an AE sa mhéid is nach dteastóidh aon chistiú breise ná aon phoist bhreise chun na cúraimí atá i gceist a chur i gcrích. Tá na cúraimí atá beartaithe i gcomhair na nÚdarás Maoirseachta Eorpach laistigh de raon na bhfreagrachtaí atá ar na hÚdaráis sin cheana, agus, dá bhrí sin, is leor an leithdháileadh acmhainní agus foirne dá bhforáiltear sna ráitis airgeadais reachtacha atá formheasta i gcomhair na nÚdarás sin chun na cúraimí sin a chur i gcrích.

2012/0169 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le doiciméid faisnéise bunriachtanaí i gcomhair táirgí infheistíochta

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach[5],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[6],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá méadú ag teacht i gcónaí ar raon leathan na gcineálacha táirgí infheistíochta atá ar fáil d'infheisteoirí miondíola atá ag smaoineamh faoi infheistíocht a dhéanamh. Is minic a sholáthraíonn na táirgí sin réitigh infheistíochta sonracha atá saincheaptha do riachtanais infheisteoirí miondíola, ach bíonn siad casta agus deacair a thuiscint go minic. I láthair na huaire tá an dóigh a ndéantar faisnéis faoi tháirgí infheistíochta den sórt sin a nochtadh neamhchomhordaithe agus is minic nach cuidiú ar bith í an fhaisnéis d'infheisteoirí miondíola chun comparáid a dhéanamh idir na táirgí éagsúla, agus chun gnéithe na dtáirgí a thuiscint. Dá dhroim sin, tá roinnt mhaith infheistíochtaí déanta ag infheisteoirí miondíola a raibh rioscaí agus costais ag baint leo nár thuig na hinfheisteoirí sin ina n-iomláine, agus dá bhrí sin bhain roinnt caillteanas dóibh nach raibh coinne leo.

(2) Beart tábhachtach cosanta d'infheisteoirí is ea feabhsú na bhforálacha maidir le trédhearcacht na dtáirgí infheistíochta a thairgtear d'infheisteoirí miondíola agus tá gá

5 IO , , lch. .
6 IO , , lch. .
7 IO C , , lch. .

leis chun muinín na n-infheisteoirí miondíola a chur ar ais sa mhargadh airgeadais. Cuireadh tús leis an obair sin ar leibhéal an Aontais le forbairt an chórais faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir a bunaíodh le Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais i gcomhair comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUInna)[8].

(3) Níl cothrom iomaíochta ann idir táirgí agus slite dáileacháin éagsúla toisc go bhfuil rialacha éagsúla i bhfeidhm ag brath ar an tionscal a thairgeann na táirgí infheistíochta agus ar an reachtaíocht náisiúnta agus cuireann sin tuilleadh bacainní ar Mhargadh Aonair do sheirbhísí agus táirgí airgeadais. Tá gníomhartha éagsúla neamhchomhordaithe déanta cheana ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar laigí i mbearta cosanta d'infheisteoirí agus is dócha go leanfaí leis an bhforbairt sin. Tá na cineálacha éagsúla cur chuige a úsáidtear chun faisnéis faoi tháirgí infheistíochta a nochtadh ina mbac ar chothrom iomaíochta a fhorbairt idir monaróirí táirgí infheistíochta éagsúla agus lucht díolta na dtáirgí sin agus mar sin de déantar iomaíocht a shaobhadh. Sa dóigh chéanna, d'fhágfaí nach dtabharfaí an leibhéal céanna cosanta d'infheisteoirí ar fud an Aontais. Bacainn atá sna héagsúlachtaí sin ar bhunú agus ar fheidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair. Dá bhrí sin, is é Airteagal 114 den CFAE an bunús dlí iomchuí, arna léiriú i gcomhréir le cásdlí comhsheasmhach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(4) Chun éagsúlachtaí a sheachaint is gá rialacha aonfhoirmeacha maidir le trédhearcacht a bhunú ar leibhéal an Aontais a mbeidh feidhm acu maidir le gach rannpháirtí i margadh na dtáirgí infheistíochta. Tá gá le Rialachán lena áirithiú go mbunófar caighdeán coiteann do dhoiciméid faisnéise bunriachtanaí ar bhealach aonfhoirmeach a fhágfaidh go bhféadfar formáid agus ábhar na ndoiciméad sin a chomhchuibhiú. Ba cheart go n-áiritheofaí le rialacha atá infheidhme go díreach de chuid Rialacháin go bhfuil gach rannpháirtí i margadh na dtáirgí infheistíochta faoi réir na gceanglas céanna. Ba cheart go n-áiritheodh sé sin freisin go nochtfaí faisnéis go haonfhoirmeach trí cheanglais éagsúla náisiúnta a chosc a bhíonn ann de thoradh Threoir a thrasuí. Is iomchuí Rialachán a úsáid freisin lena áirithiú go bhfuil lucht díolta táirgí infheistíochta uile faoi réir ceanglas aonfhoirmeach i ndáil leis an doiciméad faisnéise bunriachanaí a sholáthar d'infheisteoirí miondíola.

(5) Cé go bhfuil sé ríthábhachtach nochtadh na faisnéise faoi tháirgí infheistíochta a fheabhsú chun muinín infheisteoirí miondíola a chur ar ais sna margaí airgeadais, tá sé chomh tábhachtach céanna córais díolacháin a rialáiltear go héifeachtach a bheith ann i gcás na dtáirgí sin. Comhlánaíonn an Rialachán seo na bearta maidir le dáileachán atá i dTreoir 2004/39/CE ó Pharliamint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. Comhlánaíonn sé freisin bearta a glacadh maidir le dáileadh táirgí árachais i dTreoir 2002/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

(6) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na táirgí ar fad, beag beann ar a bhfoirm nó a ndéantús, a mhonaraíonn tionscal na seirbhísí airgeadais chun deiseanna infheistíochta a thabhairt d'infheisteoirí miondíola, i gcás ina bhfuil an toradh a thairgtear don infheisteoir gan chosaint ar luaineachtaí i bhfeidhmíocht

---

8 IO L 302, 17.11.2009, lch. 32.
9 IO L 145, 30.04.2004, lch. 1.
10 IO L 9, 15.01.2003, lch. 3.

sócmhainne nó sócmhainní nó i luachanna tagartha seachas ráta úis. Ba cheart a áireamh i measc na dtáirgí sin táirgí infheistíochta amhail cistí infheistíochta, polasaithe árachais saoil chun críocha infheistíochta, agus táirgí struchtúrtha miondíola. Murab ionann agus infheistíochtaí ina gceannaítear nó ina sealbhaítear na sócmhainní féin, ní infheistíochtaí de chineál díreach iad infheistíochtaí sna táirgí sin. Ina áit sin idirghabhann siad idir an t-infheisteoir agus na margaí trí shócmhainní "a phacáistiú", nó a chuachadh le chéile chun neamhchosaintí éagsúla a chruthú, chun gnéithe éagsúla de tháirgí a sholáthar, nó chun struchtúir éagsúla costais a bhaint amach i gcomparáid le sealúchas díreach. A bhuí le "pacáistiú" den chineál sin is féidir le hinfheisteoirí miondíola dul i mbun straitéisí infheistíochta nach mbeadh inrochtana ná praiticiúil murach é, ach is féidir a bheith riachtanach freisin go gcuirfear faisnéis bhreise ar fáil mar gheall air, go háirithe le gur féidir comparáidí a dhéanamh idir bealaí éagsúla chun infheistíochtaí a phacáistiú.

(7) Lena áirithiú nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le táirgí infheistíochta pacáistithe den sórt sin, ba cheart táirgí árachais nach dtairgeann deiseanna infheistíochta agus táirgí atá neamhchosanta ar rátaí úis amháin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin. Ní táirgí infheistíochta pacáistithe iad sócmhainní a mbíonn seilbh dhíreach orthu, amhail scaireanna corparáideacha nó bannaí flaithiúnais, agus dá bhrí sin ba cheart iad a eisiamh. Toisc gurb é cuspóir an Rialacháin seo inchomparáideacht agus sothuigtheacht faisnéise faoi tháirgí infheistíochta atáthar a mhargú d'infheisteoirí miondíola a fheabhsú, níor cheart a bheith faoi réir an Rialacháin seo scéimeanna pinsin ghairme a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir le gníomhaíochtaí institiúidí le haghaidh sochair scoir ghairme agus le maoirseacht ar na hinstitiúidí sin[11] nó faoi raon feidhme Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus gabháil don ghnó sin (Sócmhainneacht II)[12]. Ar an dóigh chéanna, ba cheart roinnt táirgí pinsin ghairme nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2003/41/CE a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo, ar choinníoll go mbeidh sé de cheangal ar an bhfostóir ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh faoin dlí náisiúnta agus ar choinníoll nach mbeidh rogha ag an bhfostaí maidir le soláthraí an táirge pinsin. Ní thagann cistí infheistíochta atá tiománta d'infheisteoirí institiúideacha faoi raon feidhme an Rialacháin seo ach oiread toisc nach bhfuil siad ar díol le hinfheisteoirí miondíola. Ba cheart táirgí infheistíochta chun coigiltis a charnadh ar mhaithe le pinsin aonair a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin go fóill, áfach, toisc gur minic iad in iomaíocht le táirgí eile faoin Rialachán seo agus toisc go ndéantar iad a dháileadh ar an infheisteoir miondíola ar bhealach comhchosúil.

(8) Ar mhaithe le soiléireacht i dtaobh an chaidrimh idir na hoibleagáidí a bhunaítear leis an Rialachán seo agus na hoibleagáidí a bhunaítear le Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire a bheidh le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE[13] agus le

[11] IO L 235, 23.9.2003, lch. 10.
[12] IO L 335, 17.12.2009, lch. 1.
[13] IO L 345, 21.12.2003, lch. 64.

Treoir 2009/138/CE, is gá a leagan síos go bhfuil feidhm i gcónaí ag na Treoracha sin i dteannta an Rialacháin seo.

(9) Is iad monaróirí táirgí infheistíochta – amhail bainisteoirí cistí, gnóthais árachais, eisitheoirí urrús, institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta – is ceart an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingt suas i gcomhair na dtáirgí infheistíochta a mhonaraíonn siad, toisc gurb iad is fearr a bhfuil aithne acu ar an táirge agus toisc gurb iad atá freagrach as. Ba cheart don mhonaróir táirgí infheistíochta an doiciméad a tharraingt suas sular féidir na táirgí a dhíol le hinfheisteoirí miondíola. I gcás nach ndíoltar an táirge le hinfheisteoirí miondíola, áfach, ní gá doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingt suas, agus i gcás nach mbeadh sé praiticiúil don mhonaróir táirgí infheistíochta an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingt suas, féadfaidh sé an cúram sin a tharmligean chuig daoine eile. Chun scaipeadh forleathan doiciméad faisnéise bunriachtanaí a áirithiú agus chun a áirithiú go bhfuil rochtain forleathan orthu, ba cheart a cheadú leis an Rialachán seo go bhfoilseodh an monaróir táirgí infheistíochta an doiciméad ar shuíomh gréasáin dá rogha féin.

(10) Chun riachtanais infheisteoirí miondíola a shásamh, is gá a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis faoi tháirgí infheistíochta cruinn, cothrom, soiléir agus nach mbainfeadh na hinfheisteoirí sin míthuiscint aisti. Dá bhrí sin, ba cheart caighdeáin choiteanna maidir le dréachtú an doiciméid faisnéise bunriachtanaí a leagan síos leis an Rialachán seo, lena áirithiú gur féidir le hinfheisteoirí miondíola é a thuiscint. I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhíonn ag cuid mhór infheisteoirí miondíola saintéarmaíocht airgeadais a thuiscint, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an bhfoclóir agus ar an stíl scríbhneoireachta a úsáidtear sa doiciméad. Ba cheart rialacha a leagan síos freisin maidir leis an teanga inar cheart an doiciméad a tharraingt suas. Ina theannta sin, ba cheart infheisteoirí miondíola a bheith in ann an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a thuiscint mar atá sé, gan dul i muinín aon fhaisnéise eile.

(11) Ba cheart an fhaisnéis is gá a sholáthar d'infheisteoirí miondíola le go bhféadfaidh siad cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh agus táirgí infheistíochta éagsúla a chur i gcomparáid le chéile, ach mura bhfuil an fhaisnéis sin gearr agus achomair tá baol ann nach mbainfidh siad úsáid aisti. Dá bhrí sin, níor cheart a bheith sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí ach faisnéis bhunriachtanach, go háirithe maidir le cineál an táirge agus gnéithe an táirge, lena n-áirítear má tá seans ann go gcaillfí caipiteal, na costais a bhaineann leis an táirge agus a phróifíl riosca, mar aon le faisnéis ábhartha faoina fheidhmíocht, agus faisnéis shonrach áirithe eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun na gnéithe a bhaineann le cineálacha áirithe táirgí a thuiscint, lena n-áirítear táirgí a bheartaítear a úsáid i gcomhair pleanála scoir.

(12) Ba cheart an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingt suas i bhformáid a fhágfaidh go bhféadfaidh infheisteoirí miondíola comparáid a dhéanamh idir táirgí infheistíochta éagsúla, ós rud é go bhfágann iompar agus acmhainní tomhaltóirí nach mór formáid, cur i láthair agus ábhar na faisnéise a shocrú go cúramach chun an tuiscint agus an úsáid is fearr a bhaint as an bhfaisnéis. Ba cheart na míreanna agus teidil na míreanna a bheith san ord céanna i ngach doiciméad. Ina theannta sin, ba cheart mionsonraí na faisnéise atá le háireamh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí i gcás táirgí éagsúla agus cur i láthair na faisnéise sin a chomhchuibhiú níos mó trí ghníomhartha tarmligthe lena dtugtar aird ar thaighde atá déanta cheana agus ar thaighde atá ar siúl go fóill ar iompar tomhaltóirí, lena n-áirítear torthaí ó thástálacha ar éifeachtacht bealaí éagsúla chun faisnéis a chur i láthair tomhaltóirí. Chomh maith

leis sin, i gcás roinnt táirgí infheistíochta, tá rogha ag an infheisteoir miondíola idir infheistíochtaí bunúsacha éagsúla. Ba cheart na táirgí sin a chur san áireamh agus an fhormáid á tarraingt suas.

(13) Agus iad ag déanamh cinntí infheistíochta, tá níos mó ná torthaí airgeadais amháin ó chuid mhór infheisteoirí miondíola anois. Is minic cuspóirí eile acu freisin amhail spriocanna sóisialta nó comhshaoil. Ina theannta sin, féadfaidh faisnéis faoi ghnéithe neamhairgeadais d'infheistíochtaí a bheith tábhachtach dóibh siúd ar mhaith leo infheistíochtaí inbhuanaithe fadtéarmacha a dhéanamh. Mar sin féin, i gcás faisnéise ar na torthaí sóisialta, torthaí comhshaoil nó torthaí rialachais atá an monaróir táirgí infheistíochta a shaothrú, is féidir leis a bheith deacair comparáid a dhéanamh nó d'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith ar iarraidh. Dá bhrí sin, is inmhianaithe mionsonraí na faisnéise a chomhchuibhiú tuilleadh maidir le cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh saincheisteanna comhshaoil, sóisialta nó rialachais san áireamh, agus má cuireadh, an dóigh ar cuireadh.

(14) Ba cheart a bheith ábalta an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a aithint go héasca ó aon chumarsáid margaíochta. Níor cheart go mbainfeadh doiciméid eile den sórt sin de thábhacht an doiciméid faisnéise bunriachtanaí.

(15) Lena áirithiú gur faisnéis iontaofa í an fhaisnéis sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí, ba cheart a chur de cheangal ar mhonaróirí táirgí infheistíochta, leis an Rialachán seo, an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a choinneáil cothrom le dáta. Chuige sin, ní mór rialacha mionsonraithe a bhaineann le coinníollacha agus minicíocht an athbhreithnithe ar an bhfaisnéis agus rialacha mionsonraithe maidir leis an leasú ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a leagan síos i ngníomh tarmligthe a ghlacfaidh an Coimisiún.

(16) Tá doiciméid faisnéise bunriachtanaí ina mbunús leis na cinntí infheistíochta a dhéanann infheisteoirí miondíola. Ar an ábhar sin, tá freagracht thábhachtach ar mhonaróirí táirgí infheistíochta i leith infheisteoirí miondíola maidir lena áirithiú go gcomhlíonann siad rialacha an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, is tábhachtach a áirithiú go bhfuil ceart éifeachtach chun sásaimh ag infheisteoirí miondíola a bhfuil muinín curtha acu i ndoiciméad faisnéise bunriachtanaí chun cinneadh infheistíochta a dhéanamh. Ba cheart a áirithiú freisin go bhfuil an ceart céanna ag gach infheisteoir miondíola ar fud an Aontais cúiteamh a iarraidh i leith damáistí a d’fhéadfadh baint dóibh toisc gur theip ar mhonaróirí táirgí infheistíochta ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart na rialacha maidir leis an dliteanas atá ar mhonaróirí táirgí infheistíochta a chomhchuibhiú. Ba cheart a bhunú leis an Rialachán seo go bhféadfadh an t-infheisteoir miondíola monaróir an táirge a chur faoi dhliteanas i leith sáraithe ar an Rialachán seo i gcás ina mbaineann caillteanas dó mar gheall ar úsáid doiciméid faisnéise bunriachtanaí.

(17) Ó tharla nach mbíonn grinnléargas de ghnáth ag infheisteoirí miondíola ar nósanna imeachta inmheánacha monaróirí táirgí infheistíochta, ba cheart an dualgas cruthúnais a mhalartú. Faoin monaróir táirgí a bheadh sé a chruthú gur tarraingíodh suas an doiciméad faisnéise bunriachtanaí i gcomhréir leis an Rialachán seo. Faoin infheisteoir miondíola a bheadh sé, áfach, a léiriú gur bhain caillteanas dó mar gheall ar úsáid faisnéise sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí, ar an ábhar go dtagann sé sin go díreach faoi réimse pearsanta an infheisteora miondíola.

(18) Maidir le hábhair a bhaineann le dliteanas sibhialta monaróra táirgí infheistíochta agus nach bhfuil cumhdaithe faoin Rialachán seo, ba cheart na hábhair sin a bheith faoi réir an dlí náisiúnta is infheidhme, arna chinneadh le rialacha ábhartha an Dlí Idirnáisiúnta Phríobháidigh. Is trí na rialacha ábhartha maidir le Dlínse Idirnáisiúnta ba cheart a chinneadh cé an chúirt atá inniúil cinneadh a dhéanamh maidir le héileamh i leith dliteanais shibhialta arna dhéanamh ag infheisteoir miondíola.

(19) Le go bhféadfaidh an t-infheisteoir miondíola cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh, ba cheart a chur de cheangal ar lucht díolta táirgí infheistíochta an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar in am trátha agus sula dtugtar aon idirbheart chun críche. Ba cheart feidhm ghinearálta a bheith ag an gceanglas sin beag beann ar an áit ina ndéantar an t-idirbheart nó ar chonas a dhéantar é. Ar na daoine a dhíolann táirgí infheistíochta áirítear idir dháileoirí agus an monaróir táirgí infheistíochta féin i gcás ina gcinneann sé an táirge a dhíol go díreach le hinfheisteoirí miondíola. Chun an tsolúbthacht agus an chomhréireacht is gá a áirithiú, ba cheart infheisteoirí miondíola ar mian leo idirbheart a thabhairt chun críche trí mhodh cianchumarsáide a bheith in ann an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a fháil tar éis an t-idirbheart a thabhairt chun críche. Bheadh an doiciméad faisnéise bunriachtanaí fós úsáideach don infheisteoir i gcás mar sin, chun an táirge atá ceannaithe aige a chur i gcomparáid leis an tuairisc a thugtar air sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí. Tá an Rialachán seo gan dochar do Threoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(20) Ba cheart rialacha aonfhoirmeacha a leagan síos le go mbeidh rogha ag an duine atá ag díol an táirge infheistíochta maidir leis an meán ina soláthraítear an doiciméad faisnéise bunriachtanaí d'infheisteoirí miondíola chun go bhféadfar meán cumarsáide leictreonaí a úsáid nuair is iomchuí ag féachaint d’imthosca an idirbhirt. Mar sin féin, ba cheart an rogha a bheith ag an infheisteoir miondíola an doiciméad a fháil ar pháipéar. Ar mhaithe le rochtain an tomhaltóra ar fhaisnéis, ba cheart an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar saor in aisce i gcónaí.

(21) Lena áirithiú go bhfuil muinín ag infheisteoirí miondíola i dtáirgí infheistíochta, ba cheart ceanglais a bhunú maidir le nósanna imeachta inmheánacha lena n-áiritheofar go bhfaighidh infheisteoirí miondíola freagra substainteach ón monaróir táirgí infheistíochta ar ghearán a dhéanamh.

(22) I ngeall ar nósanna imeachta um réiteach malartach díospóide is féidir díospóidí a réiteach ar bhealach níos tapúla agus níos saoire ná mar a dhéantar trí na cúirteanna agus laghdaítear an t-ualach ar chóras na gcúirteanna sa dóigh sin. Chun na críche sin ba cheart a chur d’oibleagáid ar mhonaróirí táirgí infheistíochta agus ar na daoine a dhíolann táirgí infheistíochta a bheith rannpháirteach sna nósanna imeachta sin arna dtionscnamh ag infheisteoirí miondíola maidir leis na cearta agus oibleagáidí a bhunaítear faoin Rialachán seo, faoi réir roinnt cosaintí i gcomhréir le prionsabal na cosanta éifeachtaí breithiúnaí. Níor cheart, go háirithe, go sáródh na nósanna imeachta maidir le réiteach malartach díospóide na cearta atá ag páirtithe i nósanna imeachta den sórt sin imeachtaí dlí a thabhairt os comhair na Cúirte.

[14] IO L 271, 9.10.2002, lch. 16.

(23) Ós rud é gur cheart d'eintitis atá ag feidhmiú sna hearnálacha baincéireachta, árachais, urrús agus cistí an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tháirgeadh do tháirgí infheistíochta, tá sé ríthábhachtach comhar rianúil a áirithiú idir na húdaráis éagsúla a dhéanann maoirseacht ar mhonaróirí táirgí infheistíochta ionas go dtabharfaidh siad faoi chur chun feidhme an Rialacháin sa dóigh chéanna.

(24) I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún, Nollaig 2010, maidir le córais smachtbhannaí a dhaingniú san earnáil airgeadais[15] agus chun comhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach sa Rialachán seo a áirithiú, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear sáruithe ar an Rialachán seo faoi réir smachtbhannaí agus bearta riaracháin iomchuí. Lena áirithiú go bhfuil éifeacht athchomhairleach ag smachtbhannaí agus chun cosaint d'infheisteoirí a neartú trí rabhadh a thabhairt dóibh faoi tháirgí infheistíochta a dhéantar a mhargú de shárú ar an Rialachán seo, ba cheart smachtbhannaí agus bearta a fhoilsiú de ghnáth, seachas i gcúinsí áirithe atá sainithe go maith.

(25) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le mionsonraí a shonrú maidir le cur i láthair agus formáid an doiciméid faisnéise bunriachtanaí, ábhar na faisnéise atá le háireamh sa doiciméad, ceanglais mhionsonraithe a bhaineann leis an uair is ceart an doiciméad a sholáthar agus maidir le hathbhreithniú agus leasú an doiciméid. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(26) Ba cheart don Choimisiún dréachtchaighdeáin rialála theicniúla a ghlacadh arna bhforbairt ag an ÚEUM, an ÚEB agus an ÚEÁPG de réir Airteagal 8 maidir leis an modheolaíocht atá mar bhonn le cur i láthair an riosca agus na luaíochta agus le ríomh na gcostas, trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de na Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, 1094/2010 agus 1095/2010.

(27) Le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[16], rialaítear próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh sna Ballstáit i gcomhthéacs an Rialacháin seo agus faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil. Le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an AE agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[17], rialaítear próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag na hÚdaráis Maoirseachta Eorpacha de bhun an Rialacháin seo agus faoi mhaoirseacht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo, amhail malartú nó tarchur sonraí pearsanta arna dhéanamh ag na húdaráis inniúla, ba cheart é a dhéanamh i gcomhréir

---

15 COM(2010)716.

16 IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

17 IO L 8, 12.01.2001, lch. 1.

le Treoir 95/46/CE agus ba cheart aon mhalartú nó tarchur faisnéise ag na hÚdaráis Maoirseachta Eorpacha a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

(28) Cé gur táirgí infheistíochta iad GCUInna de réir bhrí an Rialacháin seo, toisc gur bunaíodh ceanglais maidir le faisnéis bhunriachtanach d'infheisteoirí le déanaí faoi Threoir 2009/65/CE ba chomhréireach tréimhse eatramhach 5 bliana a chur ar fáil i gcás na GCUInna sin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar tréimhse í nach mbeidís faoi réir an Rialacháin seo lena linn. Tar éis na tréimhse sin chuirfí faoi réir an Rialacháin seo iad fad is nach gcuirtear leis an tréimhse eatramhach.

(29) Ba cheart an Rialachán seo a athbhreithniú gach ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin chun forbairtí sa mhargadh a chur san áireamh, amhail teacht amach cineálacha nua táirgí infheistíochta, chomh maith le forbairtí i réimsí eile de dhlí an Aontais agus taithí na mBallstát. Ba cheart measúnú a dhéanamh san athbhreithniú féachaint ar chuir na bearta a tugadh isteach leis an tuiscint atá ag na gnáthinfheisteoirí miondíola ar tháirgí infheistíochta agus ar chuir siad le hinchomparáideacht na dtáirgí. Ba cheart a scrúdú freisin ar cheart an tréimhse eatramhach do GCUInna a fhadú, nó ar cheart roghanna eile a chur san áireamh chun déiléail le GCUInna. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus, más iomchuí, beidh tograí reachtacha ag gabháil leis an tuarascáil sin.

(30) Chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí táirgí infheistíochta agus daoine a dhíolann táirgí infheistíochta ullmhú do chur i bhfeidhm praiticiúil cheanglais an Rialacháin seo, níor cheart feidhm a bheith ag ceanglais an Rialacháin go dtí dhá bhliain tar éis a theacht i bhfeidhm.

(31) Leis an Rialachán seo urramaítear cearta bunúsacha agus na prionsabail a chumhdaítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(32) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit, agus iad ag feidhmiú go neamhspleách ar a chéile, cuspóir an ghnímh atá le déanamh, eadhon cosaint d'infheisteoirí miondíola agus a muinín i dtáirgí infheistíochta a fheabhsú, lena n-áirítear i gcás ina ndíoltar na táirgí sin thar theorainneacha, agus nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na laigí atá sainaitheanta ach ar an leibhéal Eorpach, agus dá bhrí sin, mar gheall ar an tionchar a théann leis sin, is fearr is féidir an cuspóir sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil gá leis chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I
ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha aonfhoirmeacha maidir le formáid agus ábhar an doiciméid faisnéise bunriachtanaí a tharraingeoidh monaróirí táirgí infheistíochta suas agus rialacha aonfhoirmeacha maidir leis an doiciméad sin a sholáthar d'infheisteoirí miondíola.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le monarú agus díol táirgí infheistíochta.

Ní bheidh feidhm aige, áfach, maidir leis na táirgí seo a leanas:

(a) táirgí árachais nach dtairgeann luach géilliúna nó a thairgeann luach géilliúna ach nach bhfuil an luach sin neamhchosanta, go hiomlán nó go páirteach, go díreach nó go hindíreach, ar luaineachtaí sa mhargadh;

(b) taiscí a bhfuil ráta toraidh acu a chinntear i ndáil le ráta úis;

(c) urrúis dá dtagraítear i bpointí (b) go (g), (i) agus (j) d'Airteagal 1(2) de Threoir 2003/71/CE;

(d) urrúis eile nach bhfuil díorthach leabaithe iontu;

(e) scéimeanna pinsin ghairme a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/41/CE nó Threoir 2009/138/CE; agus

(f) táirgí pinsin lena bhfuil sé de cheangal ar an bhfostóir ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh faoin dlí náisiúnta agus le nach bhfuil rogha ag an bhfostaí maidir le soláthraí an táirge pinsin.

Airteagal 3

1. I gcás ina bhfuil monaróirí táirgí infheistíochta atá faoi réir an Rialacháin seo faoi réir Threoir 2003/71/CE freisin, beidh feidhm ag an Rialachán seo agus ag Treoir 2003/71/CE araon.

2. I gcás ina bhfuil monaróirí táirgí infheistíochta atá faoi réir an Rialacháin seo faoi réir Threoir 2009/138/CE freisin, beidh feidhm ag an Rialachán seo agus ag Treoir 2009/138/CE araon.

Airteagal 4

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(g) ciallaíonn ‘táirge infheistíochta’ infheistíocht i gcás ina bhfuil an tsuim is inaisíoctha leis an infheisteoir, beag beann ar fhoirm dhlíthiúil na hinfheistíochta sin, neamhchosanta ar luaineachtaí i luachanna tagartha nó i bhfeidhmíocht sócmhainne nó sócmhainní nár cheannaigh an t-infheisteoir féin go díreach;

(h) ciallaíonn ‘monaróir táirgí infheistíochta’:

i) aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge infheistíochta;

ii) aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann athruithe ar tháirge infheistíochta atá ann cheana trína phróifíl riosca agus luaíochta a athrú nó trí na costais a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh sa táirge infheistíochta a athrú;

(i) ciallaíonn ‘infheisteoirí miondíola’:

i) cliaint mhiondíola mar atá sainithe i bpointe (12) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2004/39/CE;

ii) custaiméirí laistigh de bhrí Threoir 2002/92/CE;

(j) ciallaíonn ‘táirgí pinsin’ táirgí a aithnítear faoin dlí náisiúnta mar tháirgí a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu ioncam a sholáthar don infheisteoir agus é ar scor, agus a thugann sochair áirithe don infheisteoir;

(k) ciallaíonn ‘meán buanfasach’ meán buanfasach mar atá sainithe in Airteagal 2(m) de Threoir 2009/65/CE;

(l) ciallaíonn ‘údaráis inniúla’ údaráis náisiúnta na mBallstát, a bhfuil cumhacht dhlíthiúil acu maoirseacht a dhéanamh ar an monaróir táirgí infheistíochta nó ar dhuine a dhíolann an táirge infheistíochta le hinfheisteoir miondíola.

CAIBIDIL II
DOICIMÉAD FAISNÉISE BUNRIACHTANAÍ

ROINN 1
AN DOICIMÉAD FAISNÉISE BUNRIACHTANAÍ A THARRAINGT SUAS

Airteagal 5

Déanfaidh an monaróir táirgí infheistíochta doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingt suas i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha síos sa Rialachán seo i gcás gach táirge infheistíochta a tháirgeann sé agus foilseoidh sé an doiciméad ar shuíomh gréasáin dá rogha féin sular féidir an táirge infheistíochta a dhíol le hinfheisteoirí miondíola.

ROINN II
FOIRM AGUS ÁBHAR AN DOICIMÉID FAISNÉISE BUNRIACHTANAÍ

Airteagal 6

1. Beidh an doiciméad faisnéise bunriachtanaí cruinn, cothrom, soiléir agus ní bheidh sé míthreorach.

2. Doiciméad neamhspleách a bheidh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí ar léir nach bhfuil baint aige le hábhair mhargaíochta.

3. Doiciméad gearr a bheidh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingeofar suas mar seo a leanas:

   (a) cuirfear é i láthair agus beidh sé leagtha amach sa dóigh is go bhfuil sé éasca a léamh, ag úsáid carachtar atá inléite ó thaobh méide de;

   (b) beidh an fhaisnéis léirithe go soiléir agus scríofa i bhfriotal de chineál a chuideoidh leis an infheisteoir miondíola an fhaisnéis atá á cur in iúl a thuiscint, go háirithe mar seo a leanas:

      (i) beidh an friotal atáthar a úsáid soiléir, gonta agus sothuigthe;

      (ii) seachnófar úsáid béarlagair;

      (iii) seachnófar úsáid téarmaí teicniúla nuair is féidir gnáthfhocail a úsáid ina n-ionad.

4. I gcás ina bhfuil dathanna sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí, ní chuirfidh siad isteach ar shothuigtheacht na faisnéise sa chás go gcuirtear an doiciméad faisnéise bunriachtanaí i gcló nó go ndéantar é a fhótachóipeáil i ndubh agus bán.

5. I gcás ina n-úsáidtear brandáil chorparáideach nó lógó an mhonaróra táirgí infheistíochta nó an ghrúpa lena mbaineann sé sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí, ní bhainfidh sé aire an infheisteora miondíola ón bhfaisnéis atá sa doiciméad ná ní chuirfidh sé aon chuid den téacs i bhfolach.

Airteagal 7

Beidh an doiciméad faisnéise bunriachtanaí i dteanga oifigiúil an Bhallstáit ina ndíoltar an táirge infheistíochta, nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit sin, nó i dteanga a nglacann údaráis inniúla an Bhallstáit sin léi, nó i gcás ina scríobhtar i dteanga éigin eile é, déanfar é a aistriú go ceann de na teangacha réamhluaite sin.

Airteagal 8

1. Beidh an teideal ‘Doiciméad Faisnéise Bunriachtanaí’ le feiceáil go soiléir ag barr an chéad leathanaigh den doiciméid faisnéise bunriachtanaí. Beidh ráiteas míniúcháin go díreach faoin teideal. Is é a bheidh ann:

‘Sa doiciméad seo tá faisnéis bhunriachtanach faoin táirge infheistíochta seo. Ní ábhar margaíochta é seo. De réir ceanglais dlí, ní mór an fhaisnéis seo a chur ar fáil duit chun cuidiú leat cineál an táirge infheistíochta seo agus na rioscaí a bhaineann le hinfheistiú ann a thuiscint. Moltar duit é a léamh sa dóigh is gur féidir leat cinneadh eolasach a dhéanamh faoi infheistíocht a dhéanamh.’

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí:

(a) faoi roinn ag tús an doiciméid, ainm an táirge infheistíochta agus ainm mhonaróir an táirge infheistíochta;

(b) faoi roinn dár teideal “Cad é an infheistíocht seo?”, cineál an táirge infheistíochta agus a phríomhghnéithe, lena n-áirítear

i) an cineál táirge infheistíochta atá ann;

ii) a chuspóirí agus na modhanna chun iad a bhaint amach;

iii) faisnéis lena léirítear má tá an monaróir táirgí infheistíochta ag díriú ar thorthaí sonracha comhshaoil, sóisialta nó rialachais, ó thaobh sheoladh a ghnó de nó ó thaobh an táirge infheistíochta de, agus más amhlaidh go bhfuil, faisnéis faoi na torthaí atá á lorg agus conas a bhainfear amach iad;

iv) i gcás ina dtairgtear sochair árachais leis an táirge infheistíochta, mionsonraí na sochar árachais sin;

v) téarma an táirge infheistíochta, más eol sin;

vi) cásanna bunaithe ar fheidhmíocht, más ábhartha ag féachaint do chineál an táirge;

(c) faoi roinn dár teideal "An bhfuil baol ann go gcaillfinn airgead?", faisnéis achomair lena léirítear má tá seans ann go gcaillfí caipiteal, agus áireofar san fhaisnéis sin

i) aon ráthaíochtaí nó aon chosaint chaipitil a sholáthraítear, agus aon srianta atá orthu sin;

ii) cé acu atá nó nach bhfuil an táirge infheistíochta cumhdaithe ag scéim cúitimh nó ag scéim ráthaíochta;

(d) faoi roinn dar teideal “Cad chuige é?” faisnéis lena léirítear an íostréimhse shealbhaíochta a mholtar agus próifíl ionchasach leachtachta an táirge lena n-áirítear an fhéidearthacht go ndéanfaí dí-infheistiú sula dtiocfadh an infheistíocht in aibíocht agus na coinníollacha a bhainfeadh le dí-infheistiú den sórt sin, ag féachaint do phróifíl riosca agus luaíochta an táirge infheistíochta agus don fhorbairt sa mhargadh ar a bhfuil sé dírithe;

(e) faoi roinn dár teideal “Cad iad na rioscaí agus cad a d’fhéadfainn a ghnóthú?”, próifíl riosca agus luaíochta an táirge infheistíochta, lena n-áirítear táscaire

achomair den phróifíl sin agus rabhaidh i ndáil le haon rioscaí sonracha nach bhfuil léirithe go soiléir sa táscaire achomair;

(f) faoi roinn dár teideal “Cé na costais a bhaineann leis?”, na costais a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh sa táirge infheistíochta, lena gcuimsítear idir chostais dhíreacha agus chostais indíreacha atá le híoc ag an infheisteoir, lena n-áirítear táscairí achoimre na gcostas sin;

(g) faoi roinn dár teideal “Cad iad na torthaí a bhí ag an táirge roimhe seo?”, feidhmíocht an táirge infheistíochta san am atá thart, más ábhartha ag féachaint do chineál an táirge agus don mhéid faisnéise atá ar fáil;

(h) i gcás táirgí pinsin, faoi roinn dár teideal “Cad a d'fhéadfainn a fháil nuair a rachaidh mé ar scor?”, réamh-mheastacháin ar thorthaí féideartha éagsúla.

3. Ní fhéadfaidh an monaróir táirgí infheistíochta aon fhaisnéis eile a áireamh ach amháin má tá gá ag an infheisteoir miondíola léi chun cinneadh eolasach a dhéanamh faoi tháirge infheistíochta sonrach.

4. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 i láthair i bhformáid choiteann lena n-áirítear na teidil choiteanna agus leanfar an t-ord caighdeánaithe atá leagtha amach i mír 2, sa dóigh is go bhféadfar comparáid a dhéanamh le doiciméad faisnéise bunriachtanaí aon táirge infheistíochta eile. Beidh siombail choiteann le feiceáil go soiléir ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí chun idirdhealú a dhéanamh idir é agus doiciméid eile.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 lena sonrófar na mionsonraí a bhaineann le cur i láthair agus ábhar na n-eilimintí faisnéise go léir dá dtagraítear i mír 2, mionsonraí na faisnéise eile, dá dtagraítear i mír 3, a d’fhéadfaidh an monaróir táirgí a áireamh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí agus mar a chuirfí an fhaisnéis sin i láthair, agus na mionsonraí a bhaineann leis an bhformáid choiteann agus leis an tsiombail choiteann dá dtagraítear i mír 4. Cuirfidh an Coimisiún na difríochtaí idir táirgí infheistíochta agus na hacmhainní atá ag infheisteoirí miondíola san áireamh, chomh maith leis na gnéithe de tháirgí infheistíochta a chuireann ar chumas an infheisteora miondíola rogha a dhéanamh idir infheistíochtaí bunúsacha éagsúla nó idir roghanna eile dá bhforáiltear leis an táirge, lena n-áirítear cásanna inar féidir an rogha sin a dhéanamh ag pointí éagsúla ama, nó inar féidir an rogha a athrú amach anseo.

6. Forbróidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme (ÚEÁPG) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) dréachtchaighdeáin rialála chun na nithe seo a leanas a chinneadh:

(a) an mhodheolaíocht atá mar bhonn le cur i láthair an riosca agus na luaíochta dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 2 den Airteagal seo agus

(b) ríomh na gcostas dá dtagraítear i bpointe (f) de mhír 2 den Airteagal seo.

Cuirfear na saghsanna éagsúla táirgí infheistíochta san áireamh agus na dréachtchaighdeáin rialála theicniúla á bhforbairt. Cuirfidh na hÚdaráis Maoirseachta Eorpacha na dréachtchaighdeáin rialála theicniúla faoi bhráid an Choimisiúin faoin [...].

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin rialála theicniúla a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Airteagail 10 go 14 de Rialachán Uimh. 1094/2010 agus in Airteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 9

Aon chumarsáid margaíochta ina bhfuil faisnéis shonrach a bhaineann leis an táirge infheistíochta, ní áireofar inti aon ráiteas a thagann salach ar an bhfaisnéis sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí nó a bhaineann de thábhacht an doiciméid faisnéise bunriachtanaí. Cuirfear in iúl in aon chumarsáid margaíochta go bhfuil doiciméad faisnéise bunriachtanaí ar fáil agus tabharfar faisnéis faoi mar is féidir teacht air.

Airteagal 10

1. Déanfaidh an monaróir táirgí infheistíochta an fhaisnéis sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí a athbhreithniú go rialta agus leasóidh sé an doiciméad má léiríonn an t-athbhreithniú gur gá athruithe a dhéanamh.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le hathbhreithniú na faisnéise sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí agus maidir le leasú an doiciméid faisnéise bunriachtanaí, maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) coinníollacha agus minicíocht an athbhreithnithe ar an bhfaisnéis sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí;

   (b) na dálaí nach mór an fhaisnéis sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí a athbhreithniú fúthu, agus faoina bhfuil sé éigeantach nó roghnach an doiciméad leasaithe faisnéise bunriachtanaí a athfhoilsiú;

   (c) na dálaí sonracha nach mór faisnéis sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí a athbhreithniú fúthu nó nach mór an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a leasú fúthu i gcás ina gcuirtear an táirge infheistíochta ar fáil d'infheisteoirí miondíola go neamhleanúnach;

   (d) na cúinsí faoinar cheart infheisteoirí miondíola a chur ar an eolas faoi dhoiciméad leasaithe faisnéise bunriachtanaí a bheith ann do tháirge infheistíochta atá ceannaithe acu.

Airteagal 11

1. I gcás inar tháirg monaróir táirgí infheistíochta doiciméad faisnéise bunriachtanaí nach gcomhlíonann cheanglais Airteagail 6, 7 agus 8 agus go ndeachaigh infheisteoir miondíola i muinín an doiciméid sin agus é ag déanamh cinnidh faoi infheistíocht a dhéanamh, féadfaidh an t-infheisteoir miondíola éileamh a dhéanamh ar dhamáiste ón monaróir táirgí infheistíochta i leith aon chaillteanais a bhain don infheisteoir miondíola sin tríd an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a úsáid.

2. Nuair a léiríonn infheisteoir miondíola gur bhain caillteanas dó mar gheall ar úsáid na faisnéise i ndoiciméad faisnéise bunriachtanaí, is ar an monaróir táirgí infheistíochta atá an dualgas a chruthú gur tarraingíodh an doiciméad faisnéise bunriachtanaí suas i gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo.

3. Ní dhéanfar dáileadh an dualgais chruthúnais dá dtagraítear i mír 2 a athrú roimh ré trí chomhaontú. Ní bheidh aon chlásal i gcomhaontuithe den sórt sin arna ndéanamh roimh ré ina cheangal ar an infheisteoir miondíola.

ROINN III
AN DOICIMÉAD FAISNÉISE BUNRIACHTANAÍ A SHOLÁTHAR

Airteagal 12

1. Aon duine a dhíolann táirge infheistíochta le hinfheisteoirí miondíola, soláthróidh sé an doiciméad faisnéise bunriachtanaí dóibh in am trátha sula dtugtar idirbheart a bhaineann leis an táirge infheistíochta chun críche.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh duine atá ag díol táirge infheistíochta an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a thabhairt don infheisteoir miondíola díreach tar éis an t-idirbheart a thabhairt chun críche sa chás seo a leanas:

   (a) cinneann an t-infheisteoir miondíola an t-idirbheart a thabhairt chun críche trí mhodh cianchumarsáide más rud é:

   (b) nach féidir an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 1, agus

   (c) gur chuir an duine atá ag díol an táirge infheistíochta an t-infheisteoir miondíola ar an eolas faoi sin.

3. I gcás ina ndéantar idirbhearta comhleanúnacha a bhaineann leis an táirge infheistíochta céanna thar ceann infheisteora miondíola i gcomhréir le treoracha a thug an t-infheisteoir sin don duine atá ag díol an táirge infheistíochta roimh an gcéad idirbheart, is maidir leis an gcéad idirbheart amháin a bheidh feidhm ag an oibleagáid doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar faoi mhír 1.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 agus sonrófar iontu:

   (a) na coinníollacha atá le sásamh chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir le doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar in am trátha mar atá leagtha síos i mír 1;

   (b) an modh lena soláthrófar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí i gcomhréir le mír 2 agus an teorainn ama chun é sin a dhéanamh.

Airteagal 13

1. Soláthróidh an duine atá ag díol táirge infheistíochta an doiciméad faisnéise bunriachtanaí d’infheisteoirí miondíola saor in aisce.

2. Soláthróidh an duine atá ag díol táirge infheistíochta an doiciméad faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir miondíola ar cheann de na meáin seo a leanas:

   (a) ar pháipéar;

   (b) ar mheán buanfasach eile nach páipéar é, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos i mír 4; nó

   (c) ar shuíomh gréasáin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos i mír 5.

3. Mar sin féin, i gcás ina soláthraítear doiciméad faisnéise bunriachtanaí ar mheán buanfasach nach páipéar é nó ina soláthraítear ar shuíomh gréasáin é, soláthrófar cóip ar pháipéar d'infheisteoirí miondíola arna iarraidh sin agus déanfar sin saor in aisce.

4. Féadfar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar ar mheán buanfasach eile seachas páipéar má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) is iomchuí an meán buanfasach a úsáid i gcomhthéacs an ghnó arna sheoladh idir an duine atá ag díol an táirge infheistíochta agus an t-infheisteoir miondíola; agus

   (b) tugadh rogha don infheisteoir miondíola faisnéis a fháil ar pháipéar nó ar an meán buanfasach, agus roghnaigh sé an meán buanfasach.

5. Féadfar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin má tá an doiciméad faisnéise bunriachtanaí dírithe chuig an infheisteoir miondíola féin go pearsanta nó má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) is iomchuí an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin i gcomhthéacs an ghnó arna sheoladh idir an duine atá ag díol an táirge infheistíochta agus an t-infheisteoir miondíola;

   (b) thoiligh an t-infheisteoir miondíola le soláthar an doiciméid faisnéise bunriachtanaí trína chur ar fáil ar líne;

   (c) cuireadh seoladh an tsuímh ghréasáin, agus an áit ar an suíomh gréasáin inar féidir rochtain a fháil ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí, in iúl go leictreonach don infheisteoir miondíola;

   (d) i gcás ina bhfuil leasuithe déanta ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí i gcomhréir le hAirteagal 10, cuirfear gach leagan leasaithe ar fáil don infheisteoir miondíola freisin;

   (e) áirítear go bhfuil an doiciméad faisnéise bunriachtanaí ar fáil go leanúnach ar an suíomh gréasáin sin go ceann cibé tréimhse a bheidh gá réasúnta ag an infheisteoir miondíola léi chun an fhaisnéis a cheadú.

6. Chun críocha mhír 4 agus mhír 5, measfar gurb iomchuí faisnéis a sholáthar trí mheán buanfasach seachas ar pháipéar nó gurb iomchuí í a sholáthar ar shuíomh gréasáin i gcomhthéacs an ghnó arna sheoladh idir an duine atá ag díol an táirge infheistíochta agus an t-infheisteoir miondíola, má tá fianaise ann go bhfuil rochtain rialta ag an infheisteoir miondíola ar an idirlíon. Má sholáthraíonn an t-infheisteoir miondíola seoladh ríomhphoist chun críocha an ghnó sin áireofar é sin mar chruthúnas den sórt sin.

CAIBIDIL III
GEARÁIN, SÁSAMH, COMHAR

Airteagal 14

Bunóidh an monaróir táirgí infheistíochta nósanna imeachta agus socruithe iomchuí lena n-áiritheofar go bhfaighidh infheisteoirí miondíola a bhfuil gearán déanta acu i ndáil leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí freagra substainteach ar mhodh cuí tráthúil.

Airteagal 15

1. I gcás ina dtionscnaíonn infheisteoir miondíola nós imeachta atá leagtha síos i ndlí náisiúnta maidir le réiteach malartach díospóide i gcoinne monaróra táirgí infheistíochta nó i gcoinne duine atá ag díol táirgí infheistíochta i ndáil le díospóid a bhaineann le cearta agus oibleagáidí a bhunaítear faoin Rialachán seo, beidh an monaróir táirgí infheistíochta nó an duine atá ag díol táirgí infheistíochta rannpháirteach sa nós imeachta sin, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas:

   (a) torthaí an nós imeachta i gcás cinntí nach bhfuil ceangailteach;

   (b) cuirtear an tréimhse teorann chun an díospóid a thabhairt os comhair cúirte ar fionraí ar feadh ré an nós imeachta maidir le réiteach malartach díospóide;

   (c) cuirtear tréimhse rúraidh an éilimh ar fionraí ar feadh ré an nós imeachta;

   (d) tá an nós imeachta saor in aisce nó ar fáil ar phraghas measartha, mar atá sonraithe i reachtaíocht náisiúnta;

   (e) is féidir le páirtithe rochtain a fháil ar an nós imeachta trí mheáin eile seachas meáin leictreonacha amháin;

   (f) is féidir bearta eatramhacha a úsáid i gcásanna eisceachtúla más gá sin toisc phráinn an cháis.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na heintitis atá inniúil déileáil leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 faoin [cuir isteach dáta cruinn, sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm/chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, gan mhoill, maidir le haon athrú ina dhiaidh sin i dtaobh na n-eintiteas sin.

3. Rachaidh na heintitis atá inniúil déileáil leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 i gcomhar le chéile maidir le réiteach díospóidí trasteorann a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Airteagal 16

Chun críocha chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, rachaidh na húdaráis inniúla i gcomhar le chéile agus leis na heintitis atá freagrach as na nósanna imeachta um ghearáin agus um shásamh lasmuigh de chúirt dá dtagraítear in Airteagal 15.

Go háirithe, tabharfaidh na húdaráis inniúla dá chéile, gan aon mhoill mhíchuí, aon fhaisnéis atá ábhartha chun a ndualgais faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

Airteagal 17

1. Déanfaidh Ballstáit Treoir 94/46/CE a chur i bhfeidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh sa Bhallstát sin de bhun an Rialacháin seo.

2. Beidh feidhm ag Rialachán CE Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag an ÚEB, ag an ÚEÁPG agus ag an ÚEUM.

CAIBIDIL IV
SMACHTBHANNAÍ AGUS BEARTA RIARACHÁIN

Airteagal 18

1. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha lena mbunófar smachtbhannaí agus bearta iomchuí riaracháin a chuirfear i bhfeidhm i gcásanna ina sáraítear forálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá d'fhonn a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí agus na bearta sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

   Faoin [*24 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialachain seo*] tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach maidir leis na rialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus do Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach, gan mhoill, maidir le haon athrú ina dhiaidh sin ar na rialacha sin.

2. I bhfeidhmiú a gcumhachtaí faoi Airteagal 19, comhoibreoidh na húdaráis inniúla go dlúth le chéile chun a áirithiú go bhfaighfear na torthaí a bhfuiltear ag súil leo sa Rialachán seo ó na bearta riaracháin agus ó na smachtbhannaí riaracháin agus déanfaidh siad a ngníomhaíocht a chomhordú chun dúbailt agus forluí a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus bearta riaracháin agus smachtbhannaí riaracháin á gcur i bhfeidhm i gcásanna trasteorann.

Airteagal 19

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na sáruithe seo a leanas:

   (a) ní chomhlíonann an doiciméad faisnéise bunriachtanaí Airteagal 6(1) go (3) ná Airteagal 7;

   (b) níl an fhaisnéis atá leagtha amach in Airteagal 8(1) agus (2) sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí nó níl sí curtha i láthair i gcomhréir le hAirteagal 8(4);

   (c) tá faisnéis a bhaineann leis an táirge infheistíochta i gcumarsáid margaíochta a thagann salach ar an bhfaisnéis sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí, de shárú ar Airteagal 9;

   (d) níl an doiciméad faisnéise bunriachtanaí athbhreithnithe ná leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 10;

   (e) níor soláthraíodh an doiciméad faisnéise bunriachtanaí in am trátha i gcomhréir le hAirteagal 12(1);

   (f) níor soláthraíodh an doiciméad faisnéise bunriachtanaí saor in aisce i gcomhréir le hAirteagal 13(1).

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla na bearta agus na smachtbhannaí seo a leanas ar a laghad a fhorchur:

   (a) ordú lena dtoirmeasctar margú táirge infheistíochta;

   (b) ordú lena gcuirtear margú táirge infheistíochta ar fionraí;

   (c) rabhadh, a phoiblítear agus lena sainaithnítear an duine atá freagrach as an sárú agus cineál an tsáraithe féin;

   (d) ordú chun leagan nua de dhoiciméad faisnéise bunriachtanaí a fhoilsiú.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhforchuireann na húdaráis inniúla beart riaracháin nó smachtbhanna riaracháin nó roinnt beart nó smachtbhannaí den chineál sin i gcomhréir le mír 2, go bhfuil de chumhacht ag na húdaráis inniúla teachtaireacht dhíreach a eisiúint don infheisteoir miondíola lena mbaineann, nó go bhfuil sé de chumhacht acu a cheangal ar an monaróir táirgí infheistíochta nó ar an duine a dhíolann an táirge infheistíochta teachtaireacht dhíreach a eisiúint don infheisteoir miondíola, lena dtugtar faisnéis dó faoin mbeart riaracháin nó smachtbhanna riaracháin, agus lena gcuirtear ar an eolas é i dtaobh cá háit is féidir gearán a dhéanamh nó éilimh ar shásamh a dhéanamh.

Airteagal 20

Cuirfidh na húdaráis inniúla na bearta riaracháin agus na smachtbhannaí riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 19(2) i bhfeidhm agus na himthosca ábhartha go léir á gcur san áireamh acu, lena n-áirítear:

   (a) tromchúis agus fad an tsáraithe;

(b) leibhéal freagrachta an duine atá freagrach;

(c) an tionchar atá ag an sárú ar leasanna an infheisteora miondíola;

(d) iompar comhoibritheach an duine atá freagrach as an sárú;

(e) aon sáruithe eile a rinne an duine atá freagrach roimhe sin.

Airteagal 21

1. I gcás ina poibleoidh an t-údarás inniúil bearta riaracháin agus smachtbhannaí riaracháin, déanfaidh sé na bearta riaracháin agus na smachtbhannaí riaracháin sin a thuairisciú don ÚBE, don ÚEÁPG agus don ÚEUM an tráth céanna.

2. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis chomhiomlán don ÚBE, don ÚEÁPG agus don ÚEUM uair sa bhliain maidir leis na bearta agus na smachtbhannaí riaracháin go léir atá forchurtha acu i gcomhréir le hAirteagal 18 agus Airteagal 19(2).

3. Foilseoidh an ÚBE, an ÚEUM agus an ÚEÁPG an fhaisnéis sin i dtuarascáil bhliantúil.

Airteagal 22

Déanfar smachtbhannaí agus bearta a fhorchuirtear i ngeall ar na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 19(1) a phoibliú gan aon mhoill mhíchuí, lena n-áirítear ar a laghad faisnéis faoin gcineál sáraithe ar an Rialachán seo agus faoi cé atá freagrach as, ach amháin dá bhféadfadh poibliú den sórt sin dochar tromchúiseach a dhéanamh do na margaí airgeadais.

I gcás ina ndéanfadh foilsiú smachtbhannaí nó beart damáiste díréireach do na páirtithe lena mbaineann, foilseoidh na húdaráis inniúla iad gan ainm.

CAIBIDIL IV
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 23

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(5), Airteagal 10(2) agus Airteagal 12(4) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse [ceithre bliana] ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 8(5), Airteagal 10(2) agus Airteagal 12(4) a chúlghairm tráth ar bith. Má chinntear cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ag dáta ina dhiaidh sin a shonrófar inti. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(5), Airteagal 10(2) agus Airteagal 12(4) i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó tugadh fógra do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear [2 mhí] leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

Airteagal 24

Maidir le cuideachtaí bainistíochta agus cuideachtaí infheistíochta dá dtagraítear faoi Airteagal 2(1) agus Airteagal 27 de Threoir 2009/65/CE agus maidir le daoine a dhíolann GCUInna (gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe) mar atá sainithe in Airteagal 1(2) den Treoir sin, tá díolúine acu ó na hoibleagáidí faoin Rialachán seo go dtí [IO: cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin].

Airteagal 25

1. Ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo. San athbhreithniú sin áireofar suirbhé ginearálta ar chur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha atá leagtha síos sa Rialachán seo agus aird chuí á tabhairt ar fhobairtí sa mhargadh do tháirgí infheistíochta miondíola. Maidir le GCUInna mar atá sainithe in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE, déanfar a mheasúnú san athbhreithniú an bhfuil síneadh le cur leis na socruithe eatramhacha faoi Airteagal 24 den Rialachán seo nó, tar éis aon choigeartuithe riachtanacha a dhéanamh, an féidir na forálacha maidir le faisnéis bhunriachtanach don infheisteoir i dTreoir 2009/65/CE a athrú nó an féidir a mheas go bhfuil siad coibhéiseach leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí faoin Rialachán seo. San athbhreithniú déanfar machnamh freisin ar raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chun tháirgí infheistíochta eile a áireamh.

2. Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle le Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus, más gá, beidh togra reachtach ag gabháil léi.

Airteagal 26

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó [dhá bhliain tar éis a theacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*